

TG 4

Tuarascáil Bhliantúil 2025



Éire agus na Chéad Náistúin Ronin Films

7

C

G

L

T

Tuarascáil Bhliantúil 2025

Clár

Buaicphointí Feidhmíochta TG4 2025	6
Scéalta ó Gach Áit	7
Gradaim	8
Ainmniúcháin	11
Misean, Fís agus Croíluachanna	15
Croíluachanna	16
Stráitéis 2023 – 2027	17
Gealltanais don Bhliain 2025	18
Buaicphointí Feidhmíochta TG4 2025	20
Tuairisc an Chathaoirligh	42
Ráiteas an Ard-Stiúrthóra	46
Bord Theilifís na Gaeilge agus Faisnéis Eile	55
Ráiteas faoi Chúrsaí Rialachais & Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird	56
Athbhreithniú Airgeadais 2025	59
Ráitis Airgeadais - Clár	60



I ndílchuimhne Manchán Magan 1970 - 2025

"I Mí Eanáir 1996, bhí mé i mo chónaí i scioból bó go hard i sléibhte na Himiléithe nuair a tháinig mo dheartháir Ruán amach go dtí an India chugam le ceamara beag digiteach, Sony DV 1-chip aige. Bhí mise caillte i saol na samhlaíochta ag an am, ar strae im intinn leochailleach, scaipthe. Ach bhí Ruán díongbháilte, agus fonn anois air sraithe teilifíse a stiúradh... Bhí argóint mhór agam le Ruán faoi ar cheart dúinn na radharcanna seo a scannánú, nó ar shuíomh príobháideach é, ach bhí sé féin lánchinnte go raibh sé de dhualgas orainn na cleachtais seo a roinnt leis an muintir sa bhaile, agus bhí siad mar pháirt lárnach den chlár teilifíse a craoladh ar an dara lá de shaol TnaG"

MANCHÁN MAGAN SA LEABHAR TG4@25 INA NDEARNADH CEILIÚRADH AR CHOTHROM 25 BLIAIN Ó BUNAÍODH TG4

"Bhí saothar Mhancháin ag teacht go huile agus go hiomlán leis an mana atá ag TG4, Súil Eile. Thug sé léargas faoi leith ar shaol na Gaeilge, ar shaol na hÉireann agus ar na háiteanna eile a thaistil sé, agus bhí an-chumas aige sin a chur trasna don lucht féachana. Déanann TG4 comhbhrón ó chroí le hAisling, a bhean, agus lena mháthair Cróine, leis an gcuid eile den chlann agus le gach duine atá á chaoineadh."

DEIRDRE NÍ CHOISTÍN, ARD-STIÚRTHÓIR TG4

Is féidir teacht ar **TG 4** ar iomaí bealach...



**Ar teilifís in
Éirinn**

Saorview

Cainéal 4

Sky

Cainéal 104

Virgin Media

Cainéal 104

Eir



**Tuaisceart
Éireann**

Sky

Cainéal 163

Virgin Cable

Cainéal 877

Freeview

Cainéal 51



**Ar fud an
Domhain**

TG4.ie

iOS & Android

Aip

Aip ‘Smart TV’

Samsung
LG Sony Android
TV Apple TV



Buaicphointí Feidhmíochta 2025

91%

an sciar den phobal a
aontaíonn gur seirbhís
riachtanach í **TG4**

74%

Aimsiú
Seachtainiúil
cúla4

 *An Ghaeltacht*

67%

Aimsiú seachtainiúil **GAELTACHTA TREASMEÁN**

€35.3m

Caiteachas ar
chomhlachtaí
sna réigiúin



83%

An sciar den
mhaoiniú poiblí
ar ábhar Gaeilge

55%

an sciar de mhúinteoirí
meánscoile a úsáideann ábhar
TG4 & **cúla4** go rialta

2.3%

An sciar Náisiúnta den
Lucht Féachana Teilifíse

Scéalta ó Gach Áit

NA COMHLACHTAÍ LÉIRIÚCHÁIN ATÁ AG OBAIR LINN

Conamara:

Glór Media
Fíbin
Danú Media
Ros na Rún
Aniar
Tua Films
Iris Productions
Telegael
Gaelmedia
Setanta Films
ROSG
Abú Media
LMDÓC
Stiúideo Cuan
Power Pictures
MÓC2
Rúnda
Europus
TMI

Tír Chonaill:

LIGID
Nic Niallais
HG Productions

Cúige Uladh:

Big Mountain Productions
Dearcán Media
Beloved Media
Macha Media

Béal Feirste:

Crawford McCann
Táin Media
Waddell Media
Strident Media
Sonas Productions
Clean Slate
Paper Owl
Ronin Films
Zoogon
Below the Radar
Imagine Media
Doubleband
New Street TV
Púca Pictures

Cúige Chonnacht:

Lorg Media
Fenwick Fogarty Ltd
Black Gate Productions
Hedgerow Films
Desmond Bros. Media
Up on Blue Bridge
Gwyn Productions
Studio Rove

Corca Dhuibhne:

Aniar
South Wind Blows

Múscraí:

Súgradh Teo

Cúige Mumhan:

Bo Media
Wonder Pics
Kev L Films
Domhan Media

Cormorant Films
Feel Good Lost Ltd
Honest Arts Ltd
Finscéal Productions Ltd

An Rinn:

Nemeton
Red Shoe
An Corsaiceach

Baile Átha Cliath:

Macalla Teo
Midas Productions
Tyrone Productions
Domhan Media
Adare Productions
Blinder Films
Plainsong Films
Tile Media
Dearg Films
Loosehorse Ltd
Red Pepper Productions
Icebox Films
84 Productions
New Decade
Venom Films
O'Sullivan Productions
Árd Mhaca Productions
Panessa Studios
Amharc Media

Cúige Laighean:

Dundara
Bracken Entertainment
Purple Sugar Media Ltd





Fifteen years ago today, I actually met my wife - and a decade later she convinced me to move to Belfast. And within two weeks of moving to Belfast, I met Kneecap - and now I'm standing here! And it's weird how life works like that.

Kneecap are... It's more than a film, it's a movement. And it's about how everyone should have their language respected; they should have their culture respected, and they should have their homeland respected.

CLÁR/DUINE	GRADAM	COMHLACHT BRONNTA
KNEECAP - Rich Peppiatt	An Gradam don Chéad Sárshaothar is fearr le Scríbhneoir, Stiúrthóir nó Léiritheoir ón mBreatain	Gradaim BAFTA 2025
KNEECAP - Rich Peppiatt	An Stiúrthóir Scannáin is Fearr	Gradaim IFTA 2025
KNEECAP - Carla Stronge	An Roghnú Aisteoirí is Fearr	
KNEECAP - Julian Ulrichs & Chris Gil	An Eagarthóireacht is Fearr	
KNEECAP - Zjena Glamocanin	An Dearadh Feistis is Fearr	
KNEECAP	Spiorad na Féile	Féile na Meán Ceilteach 2025
Fréwaka	Gradam an Lucht Féachana	Féile Uafáis agus Fantasaíochta Haapsalu
Fréwaka	An Ceol Bunaidh is Fearr i Scannán Éireannach	
Fréwaka - Die Hexen	An Ceol Bunaidh is Fearr	Gradaim IFTA 2025
Aontas	An Fadscannán is Fearr	Féile Scannán Idirnáisiúnta Maryland
Aontas - Damian McCann	Gradam an Ghiúiré don Stiúrthóir is Fearr	Féile Scannán Breckenbridge
Aontas - Sarah Gordon	Gradam an Ghiúiré don Scríbhneoireacht is Fearr	
Aontas	An Fadscannán is Fearr	Féile Scannán Idirnáisiúnta San Diego
Aontas	An Fadscannán Inste is Fearr	Féile Scannán Ojai
Aontas	Mórghradam an Ghiúiré don Fhadscannán Idirnáisiúnta Neamhspleách is Fearr	Féile Scannán Three Rivers
Aontas	Mórghradam an Ghiúiré don Fhadscannán is Fearr	Féile Scannán agus Ceoil Hell's Half Mile

CLÁR/DUINE

Aontas

Aontas

Aontas -
Damian McCannAontas -
Carrie Crowley

Aontas

Báite

Báite

Báite

Burkitt

Burkitt

David Keenan –
Focla ar Chanbhás

An Bothy Band

CRÁ

Rugbaí Beo
Mumha v Laighin,
Cluiche Idirchúige
na NollagIniúchadh TG4 –
Níl aon TinteánKatelyn Hayes
Nuacht Cúla4

Scoil Choille

GRADAM

An Fadscannán is Fearr

An Fadscannán is Fearr

An Stiúrthóir is Fearr

Gradam Maverick
George ByrneAn Fadscannán
Inste is FearrAn Fadscannán
Gaeilge is FearrGradam an Lucht
FéachanaGradam an Ghiúiré don
Fhadscannán Gaeilge is
FearrAn Chéad Fhadscannán
Idirnáisiúnta is Fearr

Sainchlár Fíorasach

An Chineamatagrafaíocht
is Fearr

Clár Ceoil Bheo

Ábhar le Script

Spóirt Bheo

Clár Teilifíse /
Scannán na Bliana

Réalta Óg na Bliana

Scannán / Clár / Sraith
Teilifíse na Bliana do
dhaoine óga

COMHLACHT BRONNTA

Féile Scannán
Éireannach LondainFéile Scannán
Idirnáisiúnta MhanchainCiorcal na gCriticeoirí
Scannán Bhaile Átha
Cliath

Féile San Luis Obispo

Fleadh Scannán
na GaillimheFéile Scannán
Idirnáisiúnta Newport
BeachAcademia Film Olomouc
i bPoblacht na SeiceGradaim RTS Thuaisceart
Éireann 2025Féile Scannán Docs
Ireland, Béal FeirsteFéile na Meán Ceilteach
2025Gradaim RTS Ireland
2025Gradaim Chumarsáide
an Oireachtais 2025



Éacht dochreidte déanta ag an scannán Kneecap agus an líon is mó ainmniúchán IFTA riamh le haghaidh togra aonair, 17 n-ainmniúchán san iomlán, faighte aige.

17 N-AINMNIÚCHÁN AG GRADAIM IFTA 2025

CLÁR/DUINE

GRADAM

COMHLACHT BRONNTA

KNEECAP

An Gradam don Chéad Sárshaothar is fearr le Scríbhneoir/Stiúrthóir ón mBreatain

Gradaim BAFTA 2025

KNEECAP Rich Peppiatt

An Stiúrthóir is Fearr

KNEECAP

An Scannán is Fearr

Gradaim IFTA 2025

KNEECAP Rich Peppiatt

An Stiúrthóir is Fearr

KNEECAP

Script - Scannán

**JJ Ó Dochartaigh,
Naoise Ó Cearbhalláin,
Liam Óg Ó hAinm**

Príomhaisteoir i Scannán

Michael Fassbender

Aisteoir Tacaíochta i Scannán

**Fionnuala Flaherty
Simone Kirby
Jessica Reynolds**

Aisteoir Tacaíochta Mná i Scannán

Ryan Kernaghan

Cineamatagrafaíocht

Zjena Glamocanin

Dearadh Feistis

Nicola Moroney

Dearadh Léiriúcháin

Liz Boston

Gruaig agus Smideadh

**Aza Hand, Brendan Rehill,
Chris Woodcock**

Fuaim

Carla Stronge

An Gradam do Scothroghnú Aisteoirí

KNEECAP

Spiorad na Féile

Féile na Meán Ceilteach

KNEECAP

Scannán na Bliana

**Gradaim Scannán
London Critics' Circle
2025**

KNEECAP

Scannán na Bliana i dTeanga Iasachta

CRÁ

An Dráma is Fearr

Gradaim IFTA 2025

Burkitt

An Chéad Fhadscannán Idirnáisiúnta is Fearr

**Academia Film
Olomouc
i bPoblacht na Seice**

Lí Ban

An Mhaoin Intleachtúil Nua is Fearr

**Gradaim Bheochana
na hÉireann**

CLÁR/DUINE	GRADAM	COMHLACHT BRONNTA
Iniúchadh TG4 - Brící Lochtacha Pobail Bhriste	Cúrsaí Reatha Iniúchta	Prix Circom 2025
Naoínra	Clár Faisnéise	
Lí Ban	An Clár is Úrnua agus is Nuálaí	
Slí na mBeaglaoidh	Ceol agus na hEalaíona	
Junior Eurovision	Siamsaíocht agus Dráma	
Katelyn Hayes, Nuacht Cúla4	Pearsa Óg is Fearr ar an Scáileán	
Nuacht Cúla4 Scoil Choille Anfa Lí Ban Mo Pheata	Scannán / Clár / Sraith Teilifíse na Bliana do dhaoine óga	Gradaim Chumarsáide an Oireachtais 2025
Carna an Cheoil agus na nAmhrán	Clár Teilifíse/ Scannán na Bliana	
Iniúchadh TG4 - Níl Aon Tinteán		
Báite		
Na Lumière Gaelacha		
Aontas		
Caoimhe Ní Laighin Nuacht TG4 / RTÉ	Iriseoir na Bliana	
Marian O'Flaherty Nuacht TG4 / RTÉ		
Kevin Magee Iniúchadh TG4		
Proinsias Ó Coinn - Téacs Taistil Áine Ní Bhreisleáin - Sonas	Pearsa Teilifíse na Bliana	
Louise Cantillon - Téacs Taistil/Junior Eurovision		
John Sharpson Síomha Ní Ruairc - Réalta agus Gaolta		
Is Mise le Mess Sonas Crá Scéalta ár Stampaí	Sraith Teilifíse na Bliana	
Katelyn Hayes Nuacht Cúla4 Joe Mac Aoidh Nuacht TG4 / Nuacht Cúla4 / 7 LÁ Máire Ní Churraoin TG4 / Ardáin Ilmheán Rhiann Flemming Nuacht TG4 / Nuacht Cúla4	Réalta Óg na Bliana	

Ainmniúcháin

CLÁR/DUINE	GRADAM	COMHLACHT BRONNTA
CRÁ	Ábhar le Script	Gradaim RTS na hÉireann
GAA Beo Aer Lingus Classic Football Championship	Spóirt Bheo	
Rugbaí Beo	Spóirt Bheo	
Naoínra	Sraith Fhíorasach	
Idir Dhá Bhaile - Ó Chív go Corcaigh	Cúrsaí Reatha	
Téacs Taistil	Siamsaíocht Fhíorasach	
CUMASC: Seisiúin sa Black Gate	Siamsaíocht	
Lí Ban	Ábhar Beochana agus Ábhar do Leanaí	
Idir Dhá Bhaile – Ó Chív go Corcaigh	Cláir Faisnéise - Cláir Aonair	Gradaim RTS Thuaisceart Éireann
Burkitt	Sainchlár Fíorasach	
CRÁ	Sraith Dhrámaíochta	Féile na Meán Ceilteach
Kneecap Spirit of the Festival	Dráma Aonair agus Spiorad na Féile	
Glór Tíre	Siamsaíocht	
Inis Meáin Idir Dhá Linn	Na hEalaíona	
Ó Bhéal	Na hEalaíona	
Aerfort Dhún na nGall	Siamsaíocht Fhíorasach	
Naíonra	Siamsaíocht Fhíorasach	
Inis na nIontas	Sraith Fhíorasach	
Scríofa sna Réalta	Dráma Gearr	
An Bothy Band	Clár Ceoil Bheo	
Idir Dhá Bhaile – Ó Chív go Corcaigh	Clár Faisnéise Aonair	
Lí Ban	Beochan	
Siar Linn	Cláir do Leanaí	
Scríofa sna Réalta	Dráma Gearr	
Báite – Eleanor O'Brien	Gradam Bingham Ray do Thallann Nua	Fleadh Scannán na Gaillimhe
Aontas	An Scannán is Fearr	Féile Scannán Idirnáisiúnta Cleveland



Misean, Fís & Croíluachanna

Fís **TG4**



teanga agus cultúr
na hÉireann a chur
chun cinn agus áit
lárnach a bheith ag
TG4 i saol mhuintir
na hÉireann



Súil Eile

Cuimsítear fís agus misean TG4 i mana TG4, “Súil Eile”

Tá sé mar mhisean ag TG4 seirbhísí meán a chur ar fáil atá taitneamhach agus nuálach chun ceiliúradh a dhéanamh ar chruthaitheacht na Gaeilge agus nasc a chruthú leis an lucht féachana sa bhaile agus ar fud an domhain. Mar thoradh ar ár gcomhpháirtíocht le hearnáil closamhairc na Gaeilge, is féidir ábhar den chéad scoth a chruthú agus tacaíocht a thabhairt d'fhás eacnamaíoch na hÉireann.

Is é an fhís atá TG4 ná “teanga agus cultúr na hÉireann a chur chun cinn ionas go mbeidh rath orthu agus a chinntiú go mbeidh áit lárnach ag TG4 i saol mhuintir na hÉireann, in Éirinn féin agus thar lear”.

Tá fís agus misean TG4 le fáil i mana TG4 “Súil Eile”, mana a aithníonn gur gá a bheith i mbéal an phobail trí chlár ardchaighdeáin a choimisiúnú agus a chraoladh, ar mhaithe le líon ard lucht féachana a aimsiú, a shroicheadh agus a choinneáil.

Bíonn tionchar ag luachanna TG4 ar an mbealach a mbaintear amach a straitéis, ar an gcur chuige a úsáideann sé agus tríd is tríd tugann siad léargas ar na prionsabail atá ina gcroíthréithe ag an eagraíocht. Táthar ag súil go n-úsáidfídh gach fostaí de chuid TG4 na luachanna seo mar threoirphrionsabail.

Ceangal

- » Nasc laethúil leis an nGaeilge a chur ar fáil don lucht féachana go léir de gach aois anseo sa bhaile agus ar fud an domhain.
- » An lucht féachana a chur i gcroílár gach uile ní a ndéanaimid.
- » Malairt léargais a sholáthar ar chúrsaí náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Cruthaitheacht

- » A bheith cruthaitheach inár n-aschur agus i ngach ní a dhéanaimid.
- » Ábhar nuálach uathúil a chur ar fáil.
- » Cruthaitheacht agus cultúr na Gaeilge a cheiliúradh.

Barr Feabhais & Luach ar Airgead

- » Sceideal clár agus ábhar ar ardchaighdeán a chur ar fáil.
- » Struchtúr éifeachtach éifeachtúil ó thaobh costais a chur i bhfeidhm.

Réamhghníomhach

- » Dea-rún agus meon comhoibríoch na heagraíochta agus na foirne a choinneáil agus a chur chun cinn.

1.

Seirbhísí
Leanaí

Cur leis na seirbhísí do pháistí, agus a rannpháirtíocht le TG4 agus leis an nGaeilge a neartú.

2.

An Lucht Féachana
Níos Óige

Ábhar misniúil spreagúil a chur ar fáil do dhaoine idir 15 agus 34 bliain d'aois agus lucht féachana níos óige a chur i lár an aonaigh ar ardáin shóisialta TG4 agus ar líne.

3.

Acmhainní
Oideachais

Punann uailmhianach d'acmhainní oideachais a fhorbairt a chuirfidh tús le ré nua d'fhoghlaim na Gaeilge agus den fhoghlaim trí Ghaeilge, rud a chabhróidh le fás na Gaeilge.

4.

Nuacht &
Cúrsaí Reatha

Nuacht agus cúrsaí reatha a athshamhlú faoi bhranda TG4, agus TG4 ag teacht chun cinn mar sholáthraí ilardáin de chlúdach sainiúil nuachta agus tosú ag déanamh taighde ar chláir faoi chúrsaí reatha.

5.

Ealaíona, Cultúr & Oidhreacht
agus Spórt na hÉireann

TG4 a leathnú mar ardán chun ealaíona, cultúr & oidhreacht agus spórt na hÉireann a chur chun cinn.

6.

Scannánaíocht &
Drámaíocht na Gaeilge

Scála léirithe scannán agus drámaíocht teilifíse na Gaeilge a fhorbairt i réigiúin na hÉireann

7.

Infheistiú san Eanáil
Léiriúcháin

Cur leis an rath a bhí ar dhaoine cumasacha agus ar fhiontraíocht eanáil léiriúcháin na hÉireann.

8.

TG4 Inbhuanaithe
& Cuimsitheach

TG4 inbhuanaithe agus cuimsitheach a fhorbairt

1.

Lucht Féachana

Leanúint de lucht féachana trasardáin TG4 a mhéadú

2.

An Lucht Féachana Níos Óige:

Infheistíocht a dhéanamh i seirbhísí do leanaí agus in ábhar don lucht féachana idir 15-34 bliain d'aois, caidreamh an lucht féachana óg le TG4 agus leis an nGaeilge a neartú.

3.

Pobal na Gaeilge & na Gaeltachta

Freastal níos fearr arís a dhéanamh ar phobal na Gaeilge agus ar phobal na Gaeltachta.

4.

Geilleagar Réigiúnach Ildánach

Treisiú le forás ar eacnamaíocht na cruthaitheachta sna réigiúin in Éirinn le hinfheistíocht i bhforbairt ábhair agus i bhforbairt cumais

5.

Idirnáisiúnú Lorg Cultúir Chruthaithigh TG4:

Lorg domhanda cultúir agus teanga TG4 a neartú.

6.

Maoiniú agus Scála:

A chinntiú go ndéantar maoiniú leordhóthanach ar TG4 chun forás a dhéanamh agus a chinntiú go dtugtar luach an airgid i gcrích maidir leis na cistí poiblí.

7.

ESG – Cúrsaí Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais:

Fiúntas poiblí a thabhairt i gcrích trí thionchar sochaíoch TG4 agus trínár n-aidhmeanna inbhuanaitheachta agus éagsúlachta.



Those who saw him play still had their memories – whether of Manchester United at his peak or of him stomping around Turner's Cross, not yet 30 and already a cautionary tale. George Best i gCorcaigh tells that story with great warmth and poignancy – while never shying away from the fact that it is, at heart, a tragedy



ED POWER
The Irish Times
26 Nollaig 2025

Buaicphointí Feidhmíochta 2025

Tháinig ardú den chúigiú bliain as a chéile ar lucht féachana TG4 in 2025, tráth ar cinntíodh an sciar is mó lucht féachana ó 2009.





Sportfile Piaras Ó Midheach

Bhreathnaigh 77.2% den líon daoine a bhreathnaigh ar an teilifís in Éirinn ar TG4 le linn na bliana. Tháinig ardú go dtí 2.3% ar an sciar den lucht féachana, sin ardú 4.5% ar sciar 2024 agus bhí 2.31% i gceist maidir leis an sciar féachana sa phríomham. Bhí an sciar míosúil is airde ag TG4 i Márta 2025, tráth a raibh sé ag 3.32%. Rangaíodh TG4 ar an gcúigiú cainéal in Éirinn ó thaobh aimsiú lucht féachana agus ar an seachtú cainéal maidir le sciar an lucht féachana, léiriú ar chumas leanúnach an chainéil ceangal a dhéanamh le lucht féachana i dtírdhreach meán atá scoilte agus atá ag éirí níos iomaíche.

Bhí an spórt go láidir i measc na 10 gclár is mó féachana ar TG4 in 2025, agus tharraing Sraitheanna Allianz, Craobh Clubanna CLG, Rugbaí Beo agus Cluiche Ceannais Pheil na mBan idir Baile Átha Cliath agus an Mhí lucht féachana mór. Ba é Cluiche Ceannais Shraith Peile Allianz idir Ciarraí agus

Maigh Eo an 30 Márta an clár ba mhó lucht féachana in 2025 nuair a tarraingíodh meánlucht féachana de 221,900 duine.

Agus muid ag pleanáil don todhchaí agus ré an tsruthaithe, tá an-áthas orainn a fheiceáil go raibh fás ollmhór in 2025 ar an líon uaireanta a breathnaíodh ar ábhar TG4 tras-ardáin agus é sin bunaithe ar an líon a bhí ag breathnú ar ábhar beo ar an Seinnteoir agus ar Youtube agus tá cur chuige straitéiseach atá neodrach ó thaobh ardáin againn maidir le dáileadh ábhair. Fáiltímid, agus táimid ag súil go mór, a bheith ag obair le TAM Ireland agus Fifty5Blue ar thomhas lucht féachana nua tras-ardáin ar theilifiseáin, ar tháibléid, ar ríomhairí agus ar ghutháin chliste a chur i bhfeidhm.

Tháinig ardú 28% ar líon na sruthanna ar Sheinnteoir TG4 in 2025 go 5.5m nó 8.11 milliún nuair a chuirtear YouTube

agus ardáin tríú páirtí san áireamh. Bhreathnaigh lucht féachana ar 110.29 milliún nóiméad ar Sheinnteoir TG4, sin ardú 24% ó 89 milliún nóiméad in 2024.

Bhí ábhar beo spóirt lárnach sa bhorradh a bhí faoin méadú ar an lucht féachana d'ábhar digiteach.

Bhain TG4 amach an lucht féachana ba mhó mó riamh ar an seinnteoir ar an 1 Feabhra 2025. Mheall an cluiche idir Corcaigh agus Luimneach i Sraith Allianz 172,000 duine chun breathnú ar an sruth beo.



Is léargas eile ar dhúthracht TG4 ábhar spóirt a chur ar fáil neamhspleách ar chineál an ardáin “Domhnach na Cinniúna” ar an 23 Márta 2025, tráth ar craoladh gach cluiche i Roinn 1 agus i Roinn 2 i Sraith Allianz ar TG4 féin nó ar sruthchraoladh iad ar Sheinnteoir agus ar YouTube Spórt TG4. Craoladh naoi gcluiche in iomlán an lá sin, péire acu ar an teilifís, sé chluiche ar YouTube agus cluiche amháin ar Sheinnteoir TG4. Breathnaíodh 320,000 uair ar chainéal YouTube Spórt TG4 an lá sin, idir na sé chluiche a bhí á sruthchraoladh, agus bhí beagnach leath den lucht féachana sin faoi 35 bliain d’aois, léargas ar chomh maith agus atá ag éirí le TG4 teacht ar lucht féachana níos óige ar na hardáin dhigiteacha.

Chuir TG4 leis an gcur chuige neodrach ó thaobh ardáin maidir le hábhar siamsaíochta agus drámaíochta. Chun ceiliúradh a dhéanamh ar *Ros na Rún* a bheith 30 séasúr ar an aer, cuireadh eagrán nua ar fáil ar Sheinnteoir TG4 gach Luan agus Céadaoin, lá sular craoladh ar an teilifís iad. Bhí *Ros na Rún* ar an tsraith Físeán-ar-Éileamh ba mhó a raibh tóir uirthi ar Sheinnteoir TG4 in 2025. D’éirigh thar cionn uilig freisin leis an gcoirdhráma noir Gaeltachta *CRÁ* ar Sheinnteoir TG4, agus beidh an dara sraith á léiriú san earrach in 2026. Lean an tsraith faisnéise

spóirt *Laochra Gael* ag mealladh lucht féachana mór ar líne le linn na bliana ar fad.

Tháinig ardú 22% ar an líon daoine a bhí ag breathnú ar TG4 go hidirnáisiúnta, agus bhí lucht féachana i mbreis agus 215 críoch ar fud an domhain ag breathnú ar ábhar TG4.

cúla 4

Bhí Cúla4 dhá bhliain ar an aer in 2025, dhá bhliain inar éirigh thar cionn leis an gcainéal ag cur siamsaíocht agus oideachas ar fáil don lucht féachana óg i nGaeilge. Tháinig ardú 28% ar an líon uaireanta a breathnaíodh ar Sheinnteoir agus ar YouTube Cúla4, tráth ar breathnaíodh 1.289 milliún uair ar fhíseán, ardú ó 1 mhilliún in 2024. Facthas ardú ollmhór freisin ar an líon uaireanta a breathnaíodh ar shuíomh idirlín Cúla4, 1.5 milliún uair in 2025 i gcomparáid le 1.2 milliún uair in 2024.

Bhí *Super Simple Amhráin*, inár léiríodh leaganacha Gaeilge d’amhráin a mbíonn an-tóir ag leanaí réamhscoile agus ag foghlaimeoirí teanga orthu ar an gclár ba mhó lucht féachana ar Sheinnteoir Cúla4 in 2025 agus bhí *Nuacht Cúla4* ar an dara clár ba mhó féachana. Cuireadh síneadh 10 seachtaine go dtí lár mhí an Mheithimh 2025 leis an tseirbhís nuachta do leanaí.

Chraol TG4, BBC Thuaisceart Éireann agus S4C *Nollaí*, a gcéad scannán beochana Nollag a bhí coimisiúnaithe i gcomhar acu, a léirigh Taunt Studios. Craoladh an comhléiriú Idirnáisiúnta ceannródaíoch i nGaeilge ar TG4 agus ar Cúla4, ar BBC 2 Tuaisceart Éireann agus ar an BBC iPlayer, agus i mBreatnais ar S4C. Bhí *Nollaí* ar an mbunscannán Gaeilge do dhaoine óga ba mhó ar breathnaíodh air i rith na Nollag.

Áiríodh ar na saothair nua a coimisiúnaíodh an tsraith dhrámaíochta *Ar Ais Arís* agus an miondráma *Dialann Damhsa* ar YouTube do lucht féachana idir 9–12 bliain d’aois. Lean *Foghlaim TG4* de bheith ina tacaíocht láidir don oideachas trí Ghaeilge i seomraí ranga.



Cailíní Gránna Mumbro Top

Daoine Óga

Bhí forás láidir ar líon na ndaoine óga a bhí ag breathnú ar TG4 in 2025, aoisghrúpa atá ag éirí níos dúshlánaí teacht orthu. Tháinig ardú 44.4% ar sciar craolacháin teilifíse TG4 i measc an lucht féachana óig, ag ardú ó 1.8% in 2024 go dtí 2.6% in 2025. Bhí aimsiú lucht féachana trasmheáin feadh na n-ardán go léir ag 44% i measc an lucht féachana Gaeilge idir 15-34 bliain d'aois.

Lean TG4 ag treisiú a bhrandaí digiteacha atá dírithe ar an óige, sin iad BLOC agus Molscéal, agus ag an am céanna cinntíodh go raibh fás suntasach ar na hardáin meán sóisialta. In 2025, breathnaíodh 93.05 milliún uair ar fhíseáin agus rinneadh 273.4 milliún imrisean feadh chainéil shóisialta TG4.

Áiríodh ar na buaicphointí *Kneecap* ag ócáid ghradaim BAFTA a bhí le feiceáil san fhíseán is fearr a chruthaigh ar na meáin shóisialta, chomh maith le físeáin shuntasacha ó Fhleadh Cheoil na hÉireann agus ó Oireachtas na

Samhna a chuaigh i gcion go mór ar an lucht féachana agus a raibh teacht forleathan ar líne orthu.

Bhí an-tóir ar chraoladh ceoil bheo sa chlár *Beo ón Electric Picnic* ón bhféile Electric Picnic inar tugadh ardán don cheol Gaeilge agus cultúr comhaimseartha. Bhí an-tóir ag an lucht féachana air agus fuarthas aiseolas dearfach ón bpobal ina leith. Ba iad Síomha Ní Ruairc agus John Sharpson láithreoirí an chláir.

Thug an clár *Glúin Z* ardán don ghlúin ar a dtugtar Gen Z chun a gcuid tuairimí a roinnt faoi raon ábhar sóisialta agus cultúir. Chuir Sinéad Ní Uallacháin an clár *Síorstíl* i láthair, clár bunaithe ar chomórtas ina raibh béim ar an inbhuanaitheacht agus nuálaíocht i gcúrsaí faisin. D'éirigh go maith an athvair le *Sraith 3 de Téacs Taistil* agus bhí an-tóir ar ghnéithe dhigiteacha mar chuid den tsraith atá faoi stiúir na láithreoirí Louise Cantillon, Séaghan Ó Súilleabháin agus Proinsias Ó Coinn.



TG4 aired the Irish short film *Cailíní Gránna*, or better known as *Mean Girls*, and people just couldn't get enough.



LOUISE CRUISE
Evoke.ie
10 Bealtaine 2025

Taighde maidir le Mianta an Lucht Féachana

CROÍLUACH

» An lucht féachana a chur i gcoílár gach uile ní a ndéanaimid

Beidh TG4 30 bliain ar an bhfód i mbliana agus is cinnte go bhfuil na meáin athraithe ó seoladh é in 1996. Tá athrú tagtha ar iompar an lucht féachana mar thoradh ar fhás a bheith tagtha ar sheirbhísí sruthaithe domhanda, ar na meáin shóisialta agus ar ardáin ar éileamh. Fágann sin go bhfuil níos mó rogha agus smachta ná riamh ag an lucht féachana maidir leis an uair, an áit agus leis an gcaoi a mbreathnaíonn siad ar ábhar. Sa tírdhreach seo atá thar a bheith scoilte, bíonn teacht ag an lucht féachana ar iliomad meán feadh ardáin éagsúla agus bíonn an méid a bhíonn siad ag súil leis ó ábhar ag athrú de shíor.

Chun tuiscint níos fearr a fháil ar na nósanna athraithe seo agus ar riachtanais agus mianta an lucht féachana, choimisiúnaigh TG4 taighde cuimsitheach ar riachtanais an lucht féachana ó Bricolage

in 2025. Beidh ról tábhachtach ag an taighde seo maidir leis an gcuma a bheidh ar ábhar, ar sceidealú, ar mhargaíocht agus ar straitéisí branda TG4 amach anseo agus cuideoidh sé linn agus muid ag leanúint orainn ag iarraidh ceangal ar bhealach fóinteach a dhéanamh leis an lucht féachana ar na hardáin go léir.

Tá TG4 dúthrachtach i gcónaí a chinntiú go bhfuil an lucht féachana agus an Ghaeilge lárnach in aon chinnteoireacht straitéiseach a dhéantar. Tá sé ríthábhachtach go mbeadh tuiscint níos fearr ar riachtanais an lucht féachana i dtimpeallacht ilardáin chun go leanfaidh TG4 ag cur ábhar Gaeilge ar leith, atá tábhachtach agus atá inrochtana, ar fáil, ábhar a roghnóidh an lucht féachana breathnú air cibé uair agus cibé bealach a roghnaíonn siad sin a dhéanamh.



Buaicphointí Ábhair 2025

In 2025, bhunaigh TG4 ról ceannaireachta sinsearach nua, Stiúrthóir Ábhair, chun stiúir a chur i bhfeidhm ar straitéis ábhair TG4 feadh na n-ardán go léir. Táthar freagrach sa ról as straitéis ábhair cheannasach, éagsúil agus nuálach a chruthú agus a chur i gcrích ina mbeifear ag freastal ar lucht féachana Gaeltachta agus a bhfuil Gaeilge acu in Éirinn agus ar fud an domhain. I ndiaidh próiseas earcaíochta oscailte, ceapadh Laura Ní Cheallaigh sa ról sin i mí an Mhárta 2026.

Le linn 2025, choimisiúnaigh TG4 910 uair an chloig d'ábhar ealaíon, cultúir agus spóirt Gaeilge agus is léiriú é sin ar an infheistíocht leanúnach atá á déanamh againn sa chraoltóireacht seirbhíse poiblí agus i mbunsaothair a léirítear i nGaeilge.



Drámaíocht agus Scannáin

D'éirigh go maith le drámaíocht agus scannáin TG4 in 2025 le hábhar cruthaitheach láidir agus fuarthas aitheantas go leanúnach ag féilte in Éirinn agus ag féilte idirnáisiúnta.

Taispeánadh *Báite*, an 9^ú scannán ón scéim Cine4, arbh iad Moe Dunford agus Eleanor O'Brien na príomhaisteoirí, den chéad uair le linn Fhleadh Scannán na Gaillimhe agus tá ag éirí thar cionn i gcónaí leis ag na féilte idirnáisiúnta scannán freisin. Craoladh *An Fhidil Ghorm*, scannán eile ón scéim Cine4 ar TG4 den chéad uair Lá Nollag 2025

Forbraíodh cúig thogra nua don chéad bhabhta eile de Cine4, agus tá péire díobh sin tugtha ar aghaidh lena bhforbairt tuilleadh in 2026. Taispeánadh *Babaí Brain*, a forbraíodh tríd an scéim Céim Eile, den chéad uair ag Fleadh Scannán na Gaillimhe.

Fuair an fadscannán *Aontas*, a forbraíodh i gcomhar le Ciste Craoltóireachta na Gaeilge Scáileán Thuaisceart Éireann agus BBC Thuaisceart Éireann faoin scéim Gealán, ardmholadh ó léirmheastóirí agus ón bpobal araon ag na féilte scannán. Taispeánadh den chéad uair é ag Féile Scannán Idirnáisiúnta Bhaile Átha Cliath agus ag Féile Scannán Bhéal Feirste agus eisíodh é i Meiriceá Thuaidh i Márta 2026 freisin. Dáileadh CRÁ go tréan ar fud an domhain i níos mó ná 70 críoch faoin teideal *Boglands*.

Ábhar Fíorasach

Craoladh cláir éagsúla, ina measc *Beo faoin bhFód*, faoi Mick Meaney fear as Tiobraid Árann a ghlac páirt i gcomórtas in 1968 féachaint leis an gcuriarracht dhomhanda don am is faide ag duine beo fanacht faoin bhfód a shárú, *Oileán Glas*, *Fásach Bán*, clár a thug léargas ar an mbliain a chaith an fear dúlra, Eoin Warner, ag siúl chnoic agus leaca Bhoirne; agus insíodh scéal ar leith sa chlár *Ó Mhuir go Tír*, ina ndéantar cur síos ar an athrú atá tagtha ar mhodhanna iompair idir oileáin na hÉireann agus an mórchóir.

Ar na cláir eile bhí; *Néara-Éagsúlacht: Dearcadh Difriúil*, sraith ina dhá chuid inar tugadh léargas ionraic agus daonna ar néara-éagsúlacht in Éirinn; *Ceartas Crua - Mná v An Dlí*, sraith ina bhfiosraítear an rian a d'fhág céad bliain de Stát na hÉireann ar shaol mhná na tíre tríd an gcóras dlí; agus *Éire agus na Chéad Náisiúin*, ina scrúdaítear na ceangail stairiúla idir muintir na hÉireann agus pobail na gCéad Náisiún i Meiriceá Thuaidh.



TG 4 showed that Electric Picnic can work on TV - so why won't RTÉ do it?

The national Irish language public service provider was the only station televising the country's largest music festival



SOPHIE FINN
The Journal
2 Meán Fómhair 2025



Fleadh25 Power Productions

Ceol

I measc na gclár ceoil bhí *Ghradam Ceoil TG4*, agus craoladh *Fleadh25* beo ar feadh ceithre oíche ó Bhaile Loch Garman, áit a raibh an fhéile cheoil, amhránaíochta agus damhsa Ghaelaigh is mó ar domhan - Fleadh Cheoil na hÉireann ar siúl agus ba iad Doireann Ní Ghlacáin, Peadar Ó Goill agus Aoife Ní Thuairisg a bhí ina láithreoirí. Craoladh an tsraith nua *Ceolaireacht* freisin inar leanadh Doireann Ní Ghlacáin agus í ar thuras ceoil agus i *gCartlann Christy Moore*, rinne an t-amhránaí mór le rá Christy Moore machnamh ar a shaol amhránaíochta.

“Watching Fleadh coverage on TG4 was like watching Glastonbury, but with normal people instead of a*****s!!!!”

NEWTALK LUNCHTIME LIVE
19 Lúnasa 2025

#FLEADHSTONBURY



Na hEalaíona

Bhí an clár *Ag Lorg Hy Brasil*, i measc na gclár ealaíon a craoladh in 2025, clár inár tugadh insint ar oileán miotasach ársa amach ó chósta Chonamara agus scrúdaíodh an chúis ar spreag sé taispeántas na hÉireann ag Architecture Biennale 2023 sa Veinéis.

IOMÁNAÍOCHT HOLLYWOOD

Brilliantly researched and absolutely jammed with fascinating footage, it's an engrossing, enormously entertaining look at an aspect of Irish history to which, I'm guessing, most people, including hardcore GAA fans, probably haven't given too much thought.

PAT STACEY
Irish Independent
4 Meán Fómhair 2025



Spórt

Rinneadh clúdach den scoth ar chúrsaí spóirt an athvuair ar TG4 in 2025 agus treisíodh seasamh an stáisiúin mar phríomhchraoltóir spóirt na tíre ar theilifís agus dhigiteacha go léir.

Craoladh breis agus 40 cluiche beo i Sraitheanna Peile agus Iománaíochta Allianz beo agus áiríodh cluichí ceannais ar fud na tíre ina measc sin. Ba chloch mhíle mhór é “Domhnach na Cinniúna” ar an 23 Márta 2025, tráth ar craoladh gach cluiche i Roinn 1 agus i Roinn 2 de Shraith Allianz ar TG4 féin nó ar sruthchraoladh iad ar ardáin TG4, YouTube agus ar Sheinnteoir TG4, rud a chinntigh go raibh aird mhór tarraingthe ar na meáin dhigiteacha, agus breathnaíodh 320,000 uair ar chainéal Spórt TG4 YouTube an lá sin.

Lean TG4 ag cur leis an gclúdach a dhéantar ar spórt na mban, ina measc Craobh TG4 i bPeil na mBan agus Sraith Lidl, Príomhroinn SSE Airtricity na mBan, Corn Sports Direct FAI na mBan chomh maith le comórtais rugbaí, haca agus chispheile na mban.

I gcúrsaí rugbaí, bhí TG4 ina chraoltóir eisiach saorchraolta ar an gCraobhchomórtas Rugbaí Aontaithe BKT in Éirinn agus craoladh an chéad chluiche de Chamchuairt Leoín na Breataine agus na hÉireann beo i gcomhpháirtíocht le S4C.

Rinne TG4 craoladh freisin ar Tour de France 2025 ó thús deireadh agus clúdaíodh rásaíocht capall, Liathróid Láimhe CLG, dornálaíocht, haca agus cispheil.

Cláir Faisnéise Spóirt

Bhí *Laochra Gael* ar ais don 23ú séasúr, sraith ina ndéantar cur síos cuimsitheach ar shaol mhórimreoirí CLG. Ar na buaic-chláir faisnéise spóirt eile bhí *GAA 70's – Réabhlóid Shóisialta* agus *Iománaíocht Hollywood* inar fiosraíodh an caoi a léirítear Éire, Muintir na hÉireann agus Cluichí Gaelacha i scannáin Hollywood agus i ndrámáí na hÉireann.



Forbairt na hEarnála

Gheall TG4 agus Údarás na Gaeltachta €1.2m i gcomhar in aghaidh na bliana faoi Mheamram Comhthuisceana trí bliana féachaint le tallann na hearnála agus na Gaeilge a fhorbairt. Tá sé i gceist leis sin go bhforbrófar an méid tallainn atá ann agus go gcuirfear leis an líon daoine ildánach agus go dtreiseofar cumas na ndaoine ildánach cruthaitheacha Gaeilge sin. Cuirfear scéimeanna agus cláir oiliúna agus forbartha straitéiseacha ar fáil sna trí bliana sin dóibh sin ar fad a bhfuil a ngairmeacha á bhforbairt acu sna meáin Ghaeilge agus do chomhlachtaí léiriúcháin Gaeilge a chuireann ábhar cruthaitheach ar fáil san earnáil.

Seoladh Scéim Oiliúna TG4 agus Údarás na Gaeltachta in 2019 agus bhí sí i bhfeidhm go dtí 2025. Tá an comhfhiontar nua ag cur leis an taithí atá faighte cheana de thairbhe na scéime sin. Bainfear leas as an tionscnamh chun clár scoileanna a fhorbairt freisin agus é mar aidhm leis scoláirí a chur ar an eolas faoi na deiseanna fostaíochta atá ar fáil do dhaoine a bhfuil Gaeilge acu.

Scéimeanna Forbartha d'Iriseoirí agus do Scríbhneoirí Gaeilge

In 2025, chuir TG4 dianchlár oiliúna iriseoireachta i gcrích i gcomhar le Gréasán na Meán Skillnet, agus ghlac 17 duine páirt ann. Fuair siad oiliúint phraiticiúil trí Ghaeilge in iriseoireacht don teilifís agus do na seirbhísí digiteacha, lena n-áirítear oiliúint ar bheith ag tuairisciú, ag scríobh, ar dhlí na meán agus ar scéalta a insint ar na meáin dhigiteacha.

Ba phríomhthosaíocht i gcónaí do TG4 infheistíocht a dhéanamh i scríbhneoirí Gaeilge. Forbraíodh sé thogra drámaíochta leis na scéimeanna Tús agus Céim Eile agus léireofar iad in 2026, agus leanadh d'fhorbairt a dhéanamh ar shraitheanna drámaíochta teilifíse, lena n-áirítear *An Bua*, *Droch Ainm* agus *An Camino*, chomh maith le dráma grinn suímh nua do lucht féachana na Gaeltachta.

Sheol TG4 SPREAG freisin, tionscnamh i gcomhar le Fís Éireann, Ciste Craoltóireachta Gaeilge Scáileán Thuaisceart Éireann agus Animation Ireland, chun tacú le forbairt a dhéanamh ar ghearrscannáin bheochana Ghaeilge. Roghnaíodh ceithre thogra beochana a fhorbairt do Cúla4 agus péire do BLOC in 2025.

Sheol TG4 Scéim Forbartha do Scríbhneoirí agus Scéalaithe Gaeltachta ag Oireachtas na Gaeilge freisin, ar scéim nua í a thacóidh le scríbhneoirí Gaeltachta a thabhairt chun cinn chun scríobh don scáileán.

Seirbhísí Nuachta

I nDeireadh Fómhair 2025, fuair TG4 maoiniú i mBuiséad 2026 chun tús a chur le forbairt seirbhíse nua nuachta digití. Bainfear leas as an infheistíocht sin chun tacú le seirbhís ilardáin nuachta Gaeilge a sheoladh in 2026, lena n-áirítear suíomh gréasáin ar leith dó féin do Nuacht TG4, aschur ar na meáin shóisialta agus infheistíocht sa bhonneagar agus sa teicneolaíocht a bheidh ag teastáil don iriseoireacht dhigiteach atá scéal-lárnach.

Is cloch mhíle straitéiseach ollmhór é an tionscnamh sin ina dtugtar aghaidh ar an mbearna atá sa soláthar nuachta atá ag TG4 ar na meáin dhigiteacha agus ina bhfuil deis ann ról TG4 a threisiú mar fhoinse iontaofa nuachta agus cúrsaí reatha. Tá sé leagtha amach chun bheith ag teacht le hiompar lucht féachana na linne seo agus chun an líon uaireanta a dtarraingítear cainteoirí Gaeilge agus an lucht féachana níos óige chuige gach lá a threisiú agus chun dílseacht don bhranda a chothú iontu.



Éagsúlacht, Comhionannas & Ionchuimsitheacht

Bhí seachadadh tionscnamh maidir leis an Éagsúlacht, Comhionannas agus Ionchuimsitheacht faoi stiúir Fhóram Seaimpíní TG4 in 2025, grúpa oibre traseagraíochta a bhí dírithe ar Éagsúlacht, Comhionannas agus Ionchuimsitheacht a neadú feadh próisis Acmhainní Daonna, cleachtais san áit oibre, ábhar, inrochtaineacht agus comhpháirtíochtaí earnála. Bhí ról lárnach ag an bhfóram agus é i mbun monatóireachta in 2025 ar dhul chun cinn na hÉagsúlachta, an Chomhionannais agus na hIonchuimsitheachta agus é ag cur na hionchuimsitheachta chun cinn trí thionscnaimh struchtúrtha, lena n-áirítear Iniúchadh Inrochtaineachta ar fud na heagraíochta.

Thacaigh an Fóram freisin le hionadaíocht agus inrochtaineacht ar fud ábhar TG4 lena n-áirítear obair ar leaganacha i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann agus ar thionscnaimh ionadaíochta ar an scáileán. Le linn na bliana, chríochnaigh TG4 *An Grá Ciúin*, scannán a coimisiúnaíodh inar tugadh léargas ar chaidreamh lánúin atá bodhar agus ar na dúshláin a bhíonn le sárú acu, chomh maith le sraith faisnéise ar an néara-éagsúlacht *Néara-Éagsúlacht, Dearcadh Difriúil*. Ghlac TG4 páirt freisin i bhfeachtas ar na meáin shóisialta do Sheachtain Bród EBU, *This is Our Family*.

Fuair Uirlis Néara-éagsúlachta TG4, a forbraíodh i gcomhar leis an EBU, dhá ainmniúchán do Ghradam Éagsúlachta Náisiúnta in 2025 agus cuireadh i láthair í in Deutsche Welle agus MG Alba. Thionscain TG4 Céim 2 den Uirlis ECI tras-MSP, ina bhfuil cás-staidéir faoi fhoireann atá néara-éagsúil agus bhí TG4 mar phríomhpháirtí ann. Chuir an Fóram tuilleadh le comhoibrithe Éagsúlachta, an Chomhionannais agus na hIonchuimsitheachta go náisiúnta agus san Eoraip, lena n-áirítear Líonra ECI na Seirbhíse Poiblí agus Grúpa Oibre ECI an EBU.

Tá ailíniú na Treorach maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach agus oibleagáidí reachtúla eile atá ag teacht chun cinn leabaithe ag TG4 ina Straitéis G-ECI. Chun a chinntiú go rabhthas comhlíontach, fuair TG4 tacaíocht ó Corc Impact chun an Straitéis G-ECI a leagan amach i gcomhréir le riachtanais na Treorach maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach, Treochlár Inbhuanaitheachta Choimisiún na Meán, an straitéis GEDI, oibleagáidí SEAI agus méadracht rialachais eile. Cuireann creat G-ECI TG4 cur chuige struchtúrtha ar fáil maidir le heolas atá ullamh don Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach feadh na réimsí comhshaoil, sóisialta agus rialachais chun a chinntiú go mbeidh an eagraíocht ullmhaithe go maith do chaighdeán tuairiscithe inbhuanaithe atá ag teacht chun cinn.

Néara-Éagsúlacht:
Dearcadh Difriúil
Tyrone Productions





Comhshaol

Laghdaigh TG4 a úsáid fhoriomlán Leictreachais ó **858,700kWh** go **798,884kWh** in 2025, arbh ionann sin agus coigealtas **6% (60,000kWh)**. In iomlán, chruthaigh muid **16%** d'fhuinneamh ó sholas na gréine. Is ionann sin agus laghdú Carbóin **20,748 kgCO₂**. Fuarthas réidh le roinnt de na painéil ghréine a bhí ag ceannáras TG4 agus cuireadh painéil níos éifeachtúla ina n-áit, rud a d'fhág go raibh níos mó cumhachta á cruthú ó sholas na gréine.

Chuir muid leis an gcomhoibriú a bhí eadrainn le líonra Sustainable Media Ireland (SMI) trína bheith rannpháirteach go gníomhach i dtionscnaimh inbhuanaitheachta ar fud na hearnála ar fad. Chuir TG4 le forbairt an Treochláir Inbhuanaitheachta Craolacháin agus ghlac muid páirt i gcomhairliúcháin agus i measúnú ábhar d'earnáil craolacháin na hÉireann. Áiríodh leis sin a bheith ag tacú le hobair SMI cur le creata inbhuanaitheachta chomh maith le treoracha nuashonraithe a ullmhú don tionscal. Bhí ról ag TG4 freisin i gcur chun cinn ALBERT Ireland, a seoladh i Márta 2025, trí thacú leis an tionscal glacadh le caighdeáin léiriúcháin ísealcharbóin.

Leanann TG4 d'athchúrsáil a dhéanamh ar earraí leictreonacha, ag cur deireadh le gach ábhar aon-úsáide nuair is féidir agus ag laghdú an úsáid a bhaintear as fótachóipeálaithe agus printéirí. Reáchtáladh trí sheimineár foirne in 2025 faoi dhramhaíl a laghdú agus faoin gcaoi le saol a chaitheamh atá níos glaise agus níos inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí agus SEAI. Bhí trí Chlinic Laghdaithe Carbóin againn freisin le baill den fhoireann agus bhí comórtas againn chun na smaointe is fearr a fháil chun fuinneamh a shábháil.



Buaic-Imeachtaí TG4 2025

Chuaigh Alan Esslemont ar scor óna phost mar Ard-Stiúrthóir in Aibreán 2025.

Ó 2016 go dtí 2025, bhí TG4 faoi stiúir dhiongbháilte Alan, é ag cur na Gaeilge chun cinn ní hamháin ar leibhéal náisiúnta ach ar an ardán domhanda. Faoina stiúir, tá forbairt tagtha ar TG4 go bhfuil sé anois ina fhórsa cultúir, atá leabaithe go domhain i gcreatlach shaol agus fhéiniúlacht na hÉireann. Tréimhse athraitheach don chraoltóir ab ea tionacht Alan inar léirigh sé a dhúthracht gan staonadh don nuálaíocht chruthaitheach, don fhás straitéiseach agus don Ghaeilge. Le linn a thréimhse i gceannas rinneadh forbairt na hearnála cruthaithí Gaeilge a neartú, ní a chuir go mór leis an léiriú neamhspleách sna réigiúin agus a chuidigh le geilleagar cruthaitheach réigiúnach na hÉireann.

I measc na n-éachtaí éagsúla a bhain Alan amach bhí gur bhunaigh sé Cine4, tionscnamh a reáchtáiltear i gcomhpháirtíocht le Fís Éireann agus Coimisiún na Meán, faoinar cuireadh scannáin Ghaeilge ar fáil don lucht féachana domhanda, *An Cailín Ciúin* ina measc, scannán a fuair ainmniúchán do ghradam Oscar in 2023. Bhí ról lárnach aige freisin i seoladh Cúla4 in 2023, inár cinntíodh dúthracht leanúnach TG4 do pháistí agus seachadadh na Gaeilge mar theanga bheo. Thacaigh Alan le comhpháirtíochtaí ar fud an oileáin, ag comhoibriú le Ciste Craoltóireachta Gaeilge Scáileán Thuaisceart Éireann, agus bhí sé ina Chathaoirleach ar Fhéile na Meán Ceilteach (2019-2024), ina neartaíodh na ceangail sin atá idir craoltóirí Ceilteacha.

Is mian le TG4 gach sonas agus só a ghuí ar Alan agus é ar scor.



Cuairt ón Aire Patrick O'Donovan chuig ceannáras TG4

Thug an tAire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt, Patrick O'Donovan TD, cuairt ar cheannáras TG4 i mí Iúil 2025. Ba dheis a bhí sa chúirt do TG4, faoi cheannaireacht nua, físe straitéiseach a chur i láthair do chlár Ghaeilge agus chultúir agus an tacaíocht leanúnach a thugtar don léiriú Gaeltachta agus réigiúnach. Cuireadh béim freisin ar thiomantas TG4 don nuálaíocht ó thaobh na meán seirbhíse poiblí agus an tionchar níos mó atá ag TG4 laistigh de thírdhreach na meán in Éirinn agus go hidirnáisiúnta.

Tá ról lárnach ag TG4 i gceiliúradh agus i gcothú ár dteanga agus ár gcultúir náisiúnta. Leanann sé de chlár chruthaitheacha ar ardchaighdeán a chur ar fáil a léiríonn saibhreas agus éagsúlacht shaol na hÉireann. Tá an méid a chuireann TG4 le tírdhreach na meán thar a bheith suntasach agus luachmhar, agus molaim tiomantas leanúnach an stáisiúin don chraoltóireacht seirbhíse poiblí.

CROÍLUACH

» Cruthaitheacht agus cultúr na Gaeilge a cheiliúradh.

AN tAIRE PATRICK O'DONOVAN



Gradam Ceoil TG4

Déanann Gradam Ceoil TG4, a craoladh beo an 4 Bealtaine, ceiliúradh ar laochra ceoil ár linne agus tá na Gradaim ar cheann de na buaicphointí i bhféilire TG4. Bhí an ócáid bhronnta ar bun i gCeoláras na hOllscoile, Luimneach in 2025 agus bronnadh na gradaim ar Shíobhán Peoples, Cathy Jordan, Flook, Johnny Óg Connolly, Colm Broderick, Matt Cranitch, Áine Hensey.

Gradam Ceoil TG4 @ Expo 25: Dhá Oileán Cheolmhara

Ba mhór ag TG4 oibriú i gcomhar leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála mar chomhpháirtí craolacháin don chlár speisialta a taifeadadh ag Expo 2025 in Osaka

Arna léiriú ag Big Mountain Productions le tacaíocht ó Chiste Craoltóireachta Gaeilge Scáileán Thuaisceart Éireann, rinneadh ceiliúradh sa chlár Gradam Ceoil TG4 @ Expo 25: *Dhá Oileán Cheolmhara*, a chuir Áine Hensey i láthair, ar an gceangal atá idir Éirinn agus an tSeapáin ó thaobh an chultúir, agus taifeadadh ceolchoirm mhór beo

ó Phaillíun na hÉireann in Osaka. Tugadh scothcheoltóirí na hÉireann agus na Seapáine le chéile sa chlár do cheolchoirm i gcomhar faoi stiúir Neil Martin agus leagadh béim ar an malartú ealaíne a bhíonn ar bun idir cultúir an dá oileán.

Bhí buaiteoirí Ghradam Ceoil TG4 2025, Síobhán Peoples, Cathy Jordan, Flook, Johnny Óg Connolly, Colm Broderick, Matt Cranitch, Áine Hensey, ag seinm san ionad mór ina bhfuil 2,000 suíochán, agus ina dteannta bhí sáoirfidigh na Seapáine a bhfuil cáil dhomhanda orthu, Misako Kojima, Kazuya Sahara, Taka Hayashi, Kozo Toyota, Hiro agus Luke Hayashida, Atsushi Yamane agus Kyoko Yamane, ar taispeántas cultúir cinniúnacha bhí ann. Is léiriú é an togra sin ar ról seanbhunaithe TG4 i gcur chun cinn cheol traidisiúnta na hÉireann ar fud an domhain agus ag cur leis an teacht atá air go hidirnáisiúnta.

Bhí rannpháirtíocht na hÉireann in Expo 2025 Osaka, ócáid a mheall os cionn 28 milliún cuairteoir, mar chuid de thionscnamh níos leithne idir Éirinn agus an tSeapáin in 2025, agus b'ardán a bhí ann chun an ceangal cultúir agus an ceangal idir daoine a threisiú.



Helen O'Rourke, Príomhfheidhmeannach Chumann Pheil na mBan ar scor

Thug TG4 ómós do Helen O'Rourke, Príomhfheidhmeannach Chumann Pheil na mBan, a d'fhógair go raibh sí ag dul ar scor ag deireadh na bliana 2025. Bhí Helen O'Rourke ina hUachtarán ar Chumann Pheil na mBan ó 1994 agus bhí sí ina Príomhfheidhmeannach ón mbliain 1997, an Príomhfheidhmeannach is faide i mbun fónaimh le haon eagraíocht spóirt in Éirinn. Faoina stiúir bhí ré iontach foráis i bPeil na mBan, cinntíodh socruithe urraíochta le TG4 (2001) agus Lidl Ireland (2016), mhéadaigh ballraíocht an chumainn agus stiúraigh sí an Cumann tráth a raibh cothrom 50 bliain ó bunaíodh é á cheiliúradh sa bhliain 2024.

Le linn di a bheith i gceannas freisin ar fhreastail an líon is mó daoine riamh ar chluichí, ina measc bhí 56,114 duine i láthair ag Cluichí Ceannais na hÉireann TG4 2019 agus bhí os cionn 48,000 i láthair ag Cluichí Ceannais na hÉireann i bPáirc an Chrócaigh in 2025. D'fhéach beagnach 490,000 duine ar Chluiche Ceannais na hÉireann 2025 ar TG4 agus bhí fás láidir ar an líon lucht féachana ar fud na n-ardán digiteach ar Sheinnteoir TG4 agus ar ardáin Spórt TG4.

Is é TG4 an craoltóir oifigiúil agus an príomhurrathóir agus leantar ag spreagadh foráis ar Pheil na mBan agus na Gaeilge agus déantar é sin trí chraoladh beo saor ó tháille ar na Cluichí Ceannais Sóisir, Idirmhéánach agus Sinsir don lucht féachana in Éirinn agus ar fud an domhain mhóir.



Anna Ní Ghallachair
Cathaoirleach TG4

Tuairisc an Chathaoirligh

San obair a rinne TG4 in 2025 leagtar béim ar an ról ríthábhachtach atá ag na meáin dhúchasacha ó thaobh tacaíocht a thabhairt don Ghaeilge agus don chultúr Gaelach agus déantar iad seo a chur chun cinn. I saol ina bhfuil na Meáin Seirbhíse Poiblí á n-athmhúnlú, mar gheall ar iomaíocht agus ar an athrú tapa atá ag teacht ar chúrsaí teicneolaíochta, agus ina gcaitear amhras fiú ar an ghá atá leis na MSP ar chor ar bith, tá misean TG4 níos tábhachtaí ná riamh.

Is cúis áthais domh Tuarascáil Bhliantúil TG4 2025 a chur i láthair agus aird a tharraingt ar an dul chun cinn atá déanta againn maidir le tacaíocht a thabhairt don Ghaeilge chun go mbeidh sí feiceálach agus bríomhar sa ré dhigiteach.

Ba í an bhliain 2025 an bhliain ba láidre feidhmíochta ag TG4 le sé bliana déag i dtaca le lucht féachana teilifíse, agus ba í an cúigiú bliain as a chéile í ar tháinig méadú ar an sciar lucht féachana teilifíse. A bhfuil leis an meascán breá ábhair agus seirbhísí a chuireann TG4 ar fáil an méid sin: ábhar agus seirbhísí a bhfuil ardmheas ag lucht féachana na hÉireann orthu. D'amharc 77.2% den 'daonra



Hector OZ/NZ Domhan Media



Cartlann Christy Moore ITMA

teilifíse¹ ar TG4 in 2025 agus tháinig méadú 4.5% ar lucht féachana teilifíse náisiúnta an stáisiúin i gcomparáid le 2024.

Tháinig méadú freisin ar an lucht féachana a thapaigh ábhar digiteach de réir mar a ghlac TG4 le níos mó ábhair a oireann do na hardáin uile, agus de réir mar a lean an cainéal ag forbairt a chuid brandaí agus ábhar ar líne atá dírithe ar lucht féachana níos óige. Tháinig méadú beagnach 26% ar líon na n-amharc ar fhíseáin ar an Seinnteoir agus tháinig méadú ar líon na n-amharc agus na n-imrisean ar ár mbrandaí meán sóisialta go léir, lena n-áirítear BLOC, Molscéal, Spórt TG4 agus Trad TG4. Trí ábhar agus seirbhísí an stáisiúin, chuidigh TG4 le guth agus scéalta na Gaeilge a threisiú, agus é mar chrann taca ag seachadadh na teanga.

In 2025 lean TG4 de thacú le seachadadh na Gaeilge sa teaghlach agus le sealbhú na Gaeilge sna luathbhlianta. Rinneamar ceiliúradh ar Cúla4 a bheith dhá bhliain ar an aer, dhá bhliain ar éirigh thar barr leo siamsaíocht agus oideachas a chur ar fáil don lucht féachana óg trí mheán na Gaeilge. Tá Cúla4 ag leanacht ar aghaidh ag soláthar meascán de chineálacha éagsúla ábhair siamsaíochta agus oideachais a bhfuil sé mar aidhm aige gean don Ghaeilge a chothú i measc an lucht féachana níos óige. Cur chuige é seo atá ag dul ó neart go neart. Tháinig méadú 9% ar mheánlíon lucht féachana seachtainiúil Gaeilge Cúla4 i measc páistí in 2025. Tháinig ardú 28% ar lucht féachana Sheinnteoir / YouTube Cúla4

chomh maith le méadú 25% ar an líon a d'amharc ar shuíomh gréasáin Cúla4. Tá ríméad orainn go bhfuiltear ag glacadh go fonnmhar leis an tseirbhís agus go bhfuil borradh ag teacht fúithi.

Ceann de na buaicphointí a bhain le sceideal na bpáistí in 2025 ab ea an comhoibriú idir BBC NI agus S4C ar an chéad scannán beochana Nollag a comhchoimisiúnaíodh riamh, *Nollaí*. Arna léiriú ag Taunt Studios, ba chomhléiriú suntasach idirnáisiúnta a bhí ann a craoladh i nGaeilge ar TG4, Cúla4, BBC 2 Tuaisceart Éireann agus BBC iPlayer, agus i mBreatnais ar S4C. Ba é *Nollaí* an scannán bunaidh Gaeilge ba mhó ar amharcadh air ar TG4 agus ar Cúla4 le linn na Nollag.

D'éirigh go maith freisin le hacmhainní oideachais an chainéil, rud a léiríonn an tábhacht atá leo don oideachas Gaeilge i suíomhanna foirmiúla an tseomra ranga. Tá an soláthar a dhéantar ar ábhar oideachais ag tacú le Straitéis an Stáit i leith na Gaeilge agus táimid ag obair le príomhpháirtithe leasmhara i réimse an oideachais chun na hacmhainní sin a fhorbairt tuilleadh agus chun cur leis an úsáid a bhaintear astu sna scoileanna. Rinneamar measúnú neamhspleách, den chéad uair, ar úsáid acmhainní oideachais Foghlaim TG4 in iar-bhunscoileanna ar fud na hÉireann. Ba ó Ghaelscoileanna agus ó scoileanna Gaeltachta a tháinig 35% de na freagraí ar an suirbhé agus, tríd is tríd, léirigh an taighde go mbaineann 55% de na freagróirí tairbhe as Foghlaim TG4². Tháinig méadú 19% ar an úsáid a

baineadh as na hacmhainní ar shuíomh gréasáin Foghlaim TG4 i rith na bliana. Táimid thar a bheith sásta leis na torthaí sin agus tá sé i gceist againn cur leo sna blianta amach romhainn.

In 2025, lean TG4 ag cur scannáin agus drámaí Gaeilge den scoth ar fáil trí scéim Cine4, scéim a chuirtear i bhfeidhm i gcomhpháirtíocht le Coimisiún na Meán agus Fís Éireann. Roghnaíodh dhá thionscadal nua lena bhforbairt tuilleadh i rith na bliana, agus bhí première ag trí scannán Gaeilge: *Báite*, *Fidil Ghorm*, agus *Frévaka*. Is scéim shuaitheanta de chuid TG4 í scéim Cine4, lena gcuirtear chun cinn scéalaíocht fíorspéisiúil atá ar maos i gcultúr na hÉireann mar a bhí san am a chuaigh thart agus mar atá i saol an lae inniu. Tá an-bhá ag an lucht féachana in Éirinn agus ar fud an domhain le scannáin Cine4. Spreagann siad plé agus téann siad i bhfeidhm go mór agus go fadtéarmach ar lucht freastail na bpictiúrlann. Chomh maith leis sin, coinníonn siad orthu ag baint duaiseanna agus ag gnóthú ainmniúchán – go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Mar shampla, tugadh aitheantas do *Frévaka* ag Gradaim Scannán agus Teilifíse na hÉireann (IFTAnna) as a mhéid a chuir sé leis an tionscal in Éirinn. Dhá bhliain ó shin ainmníodh An Cailín Ciúin do ghradam Oscar sa chatagóir don Phríomhscannán Idirnáisiúnta is Fearr.

Ní amháin go bhfuil tuiscint úr ag an phobal ar scannánaíocht na hÉireann a bhú le Cine4, ach chomh maith leis sin déantar iarracht a chinntiú, leis an scéim,

1 Uilephobal na dteaghlach teilifíse agus na ndaoine aonair 4 bliana d'aois agus níos sine. TAM Ireland.

2 Tuairimí. Suirbhé déanta ar 105 iar-bhunscoil (2025).

go dtugtar tacaíocht don tallann in Éirinn. Thar ceann Bhord TG4, ba mhaith liom aitheantas agus moladh a thabhairt do chumas agus do chruthaitheacht earnáil léiriúcháin neamhspleách na Gaeilge, a fhágann gur ann do Cine4 agus do na cláir iontacha go léir a chraolann TG4. Tá ról lárnach ag an earnáil in ábhar agus seirbhísí TG4, agus ról lárnach freisin sa rath atá orainn i measc an lucht féachana. Chuireamar dlús le linn na bliana 2025 le comhoibriú le léiritheoirí neamhspleácha na Gaeilge, agus tá ionchur tábhachtach againn i bhforbairt gheilleagar na cruthaitheachta sna réigiúin agus sa Ghaeltacht in Éirinn.

Agus muid ag méadú ár n-infheistíocht san earnáil agus ag láidirú ár gcomhpháirtíochtaí, bhí ríméad orainn pacáiste maoinithe breise €10m a fhógairt ag deireadh na bliana 2025. Is é an cuspóir atá leis sin ná ábhar cruthaitheach nua a choimisiúnú, léiritheoirí nua a fhorbairt agus tiomantas TG4 do bhunábhar i nGaeilge agus don earnáil léiriúcháin neamhspleách a threisiú. Leis an maoiniú sin, beifear in ann infheistíocht a dhéanamh i smaointe nua agus i gcomhlachtaí nua agus a chinntiú go ndéantar an tairbhe a bhaineann leis a roinnt níos fearr go tíreolaíoch ar fud na gceantar Gaeltachta go léir.

Ina theannta sin, chuireamar tús in 2025 le Meamram Comhthuisceana nua trí bliana le hÚdarás na Gaeltachta. I gcomhpháirt, déanfar breis is €1.2m a infheistiú gach bliain idir 2026 agus deireadh 2028, chun scileanna a fhorbairt in earnáil na teilifíse sa Ghaeltacht agus ar mhaithe leis an chruthaitheacht a chothú. Táimid buíochas d'Údarás na Gaeltachta as a dtacaíocht agus as oibriú i gcomhar linn ar an scéim seo agus ar thionscnaimh forbartha eile ar mhaithe leis an earnáil léiriúcháin scáileáin sa Ghaeltacht.

An Bhliain atá romhainn

Táimid ag tnúth leis an mbliain 2026, agus leis na deiseanna a thiocfaidh léi. I measc na n-aidhmeanna atá againn tá go dtiocfaidh fás leanúnach ar lucht féachana TG4 ar fud na n-ardán go léir, agus go mbeidh na meáin Ghaeilge lárnach i saol atá ag éirí níos oscailte don domhan agus don ré dhigiteach.

Áirítear leis an ról lárnach sin freastal níos fearr a dhéanamh ar mhuintir na Gaeltachta agus ar lucht labhartha na Gaeilge, le tuilleadh ábhair dírithe go

sonrach orthusan arb í an Ghaeilge a ngnáth-theanga labhartha. I ndáil leis sin, is é ceann de phríomhthosaíochtaí Bhord TG4 in 2026 seirbhís nuachta dhigiteach ilardáin úr a sheoladh agus, mar chuid de sin, cur chuige céimnithe a ghlacadh maidir le neamhspleáchas eagarthóireachta a bhaint amach do Nuacht TG4, i gcomhar le RTÉ agus le Coimisiún na Meán.

Leanfaimid ag cur leis an infheistíocht atá á déanamh againn i léiriúcháin neamhspleácha agus i dtallann na Gaeilge, chun tacú le forbairt gheilleagar na cruthaitheachta sa Ghaeltacht agus sna réigiúin.

Ó thaobh straitéise de, beidh TG4 dírithe níos mó ná riamh ar an nuálaíocht in 2026. Táimid ag iarraidh go mbeidh TG4 réidh don todhchaí agus ullamh le fás go hinbhuanaitheach i saol na meán, saol atá ag éirí níos iomaíche agus atá ag brath níos mó ná riamh ar an teicneolaíocht. Ach caithfidh muid a bheith aireach, mar a bhí riamh, go bhfuil an t-ábhar a thuireann cáil don chainéal ar ardchaighdeán.

Focal Buíochais

Ba mhaith liom mar fhocal scoir buíochas a ghabháil le roinnt daoine agus eagraíochtaí a thacaigh go leanúnach le TG4 agus leis an obair thábhachtach a bhí ar bun againn le linn 2025.

Thar ceann TG4, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire Patrick O'Donovan agus leis an Ard-Rúnaí Feargal Ó Coigligh, chomh maith lena chuid oifigeach sa Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt. Táimid thar a bheith buíochas as an mhéadú a cuireadh ar bhuiséad TG4 le haghaidh 2026 agus as a dtacaíocht leanúnach don chainéal. Bhí ríméad orainn fáilte a chur roimh an Aire O'Donovan chuig ceannáras TG4 i mBaile na hAbhann in 2025, agus is mór againn an speis a léiríonn sé i dtosaíochtaí straitéiseacha TG4 agus i bhforbairt leanúnach an stáisiúin.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl do mo chomhghleacaithe ar an Bhord as a ndúthracht agus as an obair bhreá a rinne siad thar ceann TG4 in 2025. Táim ag tnúth le bheith ag obair leo in 2026 agus muid ag pleanáil agus ag stiúradh TG4 sna blianta atá amach romhainn.

Tháinig deireadh le tréimhsí oifige cuid de chomhaltaí an Bhoird in 2025. Thar ceann TG4, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Mairéad Ní Nuadháin, le

Siobhán Ní Ghadhra agus le Darach Ó Tuairisg a chaith ocht mbliana ar Bhord TG4. Táimid thar a bheith buíochas díobh as an obair mhór a rinne siad ar son TG4 agus as a ndúthracht agus a ndíograis don eagraíocht. Tá buíochas ag dul freisin do Sheán Ó Domhnaill, ionadaí fhoireann TG4 ar an Bhord. Chaith Seán cúig bliana mar chomhalta agus rinne sé ionadaíocht go ríchumasach agus go cóir ar a chomhghleacaithe. Tá an-fháilte roimh Bernadette Bhreathnach, ionadaí nua fhoireann TG4 ar an Bhord, agus táimid ag tnúth le bheith ag obair léi sna blianta atá romhainn.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis na heagraíochtaí eile go léir a mbíonn TG4 ag obair leo. Ina measc tá Coimisiún na Meán, Fis Éireann, Údarás na Gaeltachta, RTÉ agus an Ciste Craoltóireachta Gaeilge i dTuaisceart Éireann, chomh maith leis an iliomad eagraíocht eile atá bainteach leis an Ghaeilge, leis an spórt agus leis an chultúr. Táimid buíochas díobh go léir agus táimid ag súil le bheith ag obair leo arís in 2026.

Ba mhaith liom, thar ceann an Bhoird, buíochas a ghabháil le fhoireann iontach TG4. Tá buíochas ar leith ag dul don Ard-Stiúthóir Deirdre Ní Choistín a bhfuil a céad bhliain sa ról curtha i gcrích aici. Déanaim comhghairdeas léi as an mhéid atá bainte amach ag an eagraíocht go dtí seo faoina ceannaireacht. Tá Bord TG4 ag súil go mór le bheith ag obair léi, agus le fhoireann uile TG4, in 2026 agus ina dhiaidh sin.

I ndiaidh trí bliana i mo Chathaoirleach, táim níos cinnte ná riamh faoi thábhacht na físe atá ag TG4 mar chraoltóir Meán Seirbhíse Poiblí náisiúnta Gaeilge na hÉireann. Cé go bhfuil dúshlán ann, tá mé go láidir den tuairim go sáróidh na deiseanna iontacha atá romhainn na dúshláin sin. Faoi láthair, tá meas agus ráchairt nach beag ar an Ghaeilge go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Déanfaidh gach duine againn i TG4 ár ndícheall a chinntiú go mbainfear leas as na deiseanna sin chun ábhar a chruthú a thugann léargas ar an chuid is fearr den mhianach atá ionainn, agus den teanga agus den chultúr a bhfuilimid chomh bródúil sin astu.



Anna Ní Ghallachair
Cathaoirleach

23 Meitheamh 2026





Deirdre Ní Choistín
Ard-Stiúrthóir

Tuairisc an Ard-Stiúrthóra

Agus muid ag teannadh le tríocha bliain ó bunaíodh TG4 i mbliana, is iontach an rud é machnamh a dhéanamh ar an athrú atá tagtha ar na meáin ó 1996. Tá níos mó rogha ná riamh ag an lucht féachana, tráth a bhfuil ardáin sruthaithe dhomhanda, na meáin shóisialta agus gairis cheangailte ag cur athrú ar an gcaoi a dtagann daoine ar ábhar agus ar an gcaoi a fhéachann siad ar an ábhar sin. Leanann na nósanna féachana ag athrú, go háirithe i measc an lucht féachana níos óige.

Is cinnte go bhfuil tionchar ag creata rialála nua, ag an athrú tapa atá ag teacht ar chúrsaí teicneolaíochta agus níos mó iomaíochais go domhanda ar thírdhreach na meán ina n-oibrímid. I bhfianaise an méid sin, leanann TG4 ag athrú, i mbun nuálaíochta agus ag treisiú an ról atá againn mar chraoltóir seirbhíse poiblí Gaeilge na hÉireann.

Tá treo straitéiseach soiléir ag TG4 a chinntíonn go bhfuil an lucht féachana i gcroílár gach uile ní a dhéanaimid Choimisiúnaigh muid taighde faoi mhianta an lucht féachana ón gcomhlacht Bricolage in 2025. Is é aidhm an taighde ná léargas luachmhara a thabhairt ar an gcaoi a ndéanann an lucht féachana ceangal le TG4 agus leis na meáin Ghaeilge sa ré ilardáin atá ann inniu agus bearnaí agus deiseanna a aithint do TG4. Beidh ról tábhachtach ag an taighde maidir leis an gcaoi a dtabharfar faoi straitéis ábhair, sceidealú, cúrsaí margaíochta agus láithreachta bhranda TG4 amach anseo. Nuair a chuireann TG4 léargas an lucht féachana agus an taighde i gcroílár na planála straitéisí, is amhlaidh go bhfuiltear ag cinntiú go leanfaidh ár seirbhísí ag forbairt diaidh ar ndiaidh lena bhfuil ár lucht féachana ag súil leis uainn. I measc na dtosaíochtaí atá ag TG4 tá forbairt ar chur chuige neodrach ó thaobh ardáin maidir le seachadadh agus dáileadh ábhair, ag cinntiú go

mbeidh ábhar Gaeilge ar fáil cibé áit a roghnaíonn an lucht féachana breathnú air; ar an teilifís líneach, ar sheirbhísí ar éileamh, ar na meáin shóisialta nó ar na hardáin dhigiteacha nua nó atá ag teacht chun cinn.

Táimid ag tapú na deise freisin machnamh agus athbhreithniú a dhéanamh ar sheasamh an bhranda *Súil Eile* agus tiomantas a thabhairt an athuair dó. Chomh maith le léargas éagsúil a thabhairt, is éard atá i gceist le *Súil Eile* ná dearcadh níos leithne agus níos cuimsithí a chur ar fáil d'Éirinn agus den domhan mórthimpeall orainn. Is ábhar misnigh dúinn torthaí an *RED C Brand Reaction Index 2025* a léirigh gur threisigh an ceangal atá ag TG4 lena lucht féachana. Tháinig ardú suntasach ar thuairimí dearfacha ó thomhaltóirí i leith TG4 agus bhí ardú cúig phointe i gceist i gcomórtas le 2024.

D'fhógair muid pacáiste maoinithe ar fiú €10m é ag deireadh na bliana 2025 chun ábhar nua a choimisiúnú, léiritheoirí nua a fhorbairt agus tiomantas TG4 do bhunábhar i nGaeilge agus don earnáil léiriúcháin neamhspleách a neartú. Beifear in ann infheistíocht a dhéanamh i smaointe nua, i seánraí nua agus i gcomhlachtaí nua leis an maoiniú seo agus a roinnt níos fearr go tíreolaíoch ar fud na gceantar Gaeltachta go léir.

Lean ceangal leis an lucht féachana óg de bheith ina príomhthosaíocht do TG4 in 2025. Chinntigh muid an ceangal sin trí ábhar a fhorbairt atá ábhartha don lucht féachana níos óige trí chlár mar *Beo ón Electric Picnic*, *Glúin Z*, *Síorstíl* agus *Téacs Taistil* agus trí chur lenár gclúdach spóirt ar chainéal YouTube *Spórt TG4*, nithe a léiríonn ár n-uailmhian a chinntiú go mbeidh áit fheiceálach agus bhríomhar ag an nGaeilge i gcultúr nua-aimseartha na n-óg.



Pound-for-pound TG4 has proven its worth over 30 years in business



DONNCHADH BOYLE
Irish Independent
11 Feabhra 2025



Glacaim Leat Below the Radar TV

Táimse thar a bheith mórtasach as an dul chun cinn atá déanta againn cur le seirbhísí nuachta TG4 in 2025. Fuair TG4 maoiniú i mBuiséad 2026 chun tús a chur le forbairt sheirbhís nua nuachta dhigiteach an stáisiúin. Bainfear leas as an infheistíocht sin chun cuidiú linn soláthar nuachta Gaeilge ilmheáin nua a sheoladh in 2026, lena n-áirítear suíomh gréasáin ar leith dó féin do Nuacht TG4 agus ábhar nuachta níos leithne a chur ar fáil ar na hardáin meán sóisialta go léir. Treiseoidh an tseirbhís nua seo ról TG4 tuilleadh mar fhoinsé iontaofa nuachta agus faisnéise don lucht féachana a bhfuil Gaeilge acu.

In 2025, chuir TG4 dianchúrsa oiliúna iriseoireachta ar fáil i gcomhar le Gréasán na Meán Skillnet. Leis an tionscnamh sin, cuireadh oiliúint phraiticiúil trí Ghaeilge ar iriseoirí faoi oiliúint san iriseoireacht don teilifís agus do na seirbhísí digiteacha agus cuireadh béim ar leith ar iriseoireacht mhóibíleach, ar scéalta a insint ar na meáin dhigiteacha agus ar an bpodchraoltóireacht.

Threisigh muid ár dtiomantas d'fhorbairt na hearnála léiriúcháin trí chomhpháirtíocht nua trí bliana le hÚdarás na Gaeltachta, agus áiríodh

mar chuid de sin infheistíocht bhliantúil de €1.2 milliún chun tacú le hearnáil na meán Gaeilge agus chun an chéad ghlúin eile de thallann chruthaitheach a chothú agus a neartú.

Ag Oireachtas na Gaeilge i mBéal Feirste, seoladh an scéim nua *Scéim Forbartha do Scríbhneoirí agus Scéalaíthe Gaeltachta*, chun scríbhneoirí agus daoine cruthaitheacha sa Ghaeilge a spreagadh agus a ghríosadh i dtreo scríbhneoireacht don scáileán.

Sheol TG4 *SPREAG* freisin, tionscnamh beochana nua a forbraíodh i gcomhar le Fís Éireann, Ciste Craoltóireachta Gaeilge Scáileán Thuaisceart Éireann agus Animation Ireland chun tacú le gearrscannáin bheochana Ghaeilge a chruthú. In 2025, roghnaíodh ceithre thogra beochana a fhorbairt do Cúla4 agus dhá thogra do BLOC.

Lean drámaíocht agus scannáin TG4 ag fáil aitheantais go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Taispeánadh an scannán is déanaí ón scéim CINE4, *Báite*, den chéad uair ag Fleadh Scannán na Gaillimhe agus tá sé ag mealladh lucht féachana go leanúnach ag féilte idirnáisiúnta. Taispeánadh *Aontas*, a léiríodh tríd an scéim Gealán i gcomhar

le Ciste Craoltóireachta Gaeilge Scáileán Thuaisceart Éireann agus BBC Thuaisceart Éireann, den chéad uair ag Féile Scannán Idirnáisiúnta Bhaile Átha Cliath agus thuill sé ardmholadh ó shin go hidirnáisiúnta. Dáileadh an tsraith dhrámaíochta *CRÁ*, ar fud an domhain faoin teideal *Boglands*, agus díoladh é le breis agus seachtó tír, agus is léiriú é sin ar an dúil atá ann anois go hidirnáisiúnta sa scéalaíocht ar ardchaighdeán trí Ghaeilge.

Forbraíodh sé thogra nua leis na scéimeanna gearrscannáin Tús agus Céim Eile a bheidh le léiriú in 2026, agus leanadh ag forbairt sraitheanna drámaíochta don teilifís, lena n-áirítear *An Bua*, *Droch Ainm* agus *An Camino*, chomh maith le dráma grinn suímh nua do lucht féachana na Gaeltachta.

Bhí an-áthas orainn fáilte a chur roimh an Aire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt, Patrick O'Donovan TD, nuair a thug sé cuairt ar cheannáras TG4 i mí Iúil 2025. Bhí deis againn físe straitéiseach TG4 d'ábhar Gaeilge agus cultúir a chur ina láthair agus aird a tharraingt ar an tacaíocht leanúnach a thugann TG4 don léiriú Gaeltachta agus an tiomantas atá againn don nuálaíocht ó thaobh na meán seirbhíse poiblí. Ba mhaith



De Valera san Fhásach Wonder Pics

liom buíochas a ghabháil leis an Aire Patrick O'Donovan agus leis an Ard-Rúnaí Feargal Ó Coigligh, chomh maith lena chuid oifigeach sa Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt as an tacaíocht leanúnach a thugann siad do TG4. Táimid thar a bheith buíoch as an méadú a cuireadh ar mhaoiniú TG4 sa bhuiséad don bhliain 2026.

Ba mhór ag TG4 go rabhthas ábalta oibriú i gcomhar leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála mar chomhpháirtí craolacháin don chlár speisialta a taifeadadh ag Expo 2025 in Osaka *Gradam Ceoil TG4 @ Expo 25: Dhá Oileán Cheolmhara*, clár ina rinneadh ceiliúradh ar na naisc chultúir atá idir Éirinn agus an tSeapáin.

In 2025, chuaigh Alan Esslemont ar scor óna phost mar Ard-Stiúrthóir. Faoina stiúir, tháinig forbairt thar na bearta ar TG4, atá anois ina fhórsa cultúir spleodrach, atá leabaithhe go domhain i gceartach shaol agus fhéiniúlacht na hÉireann. Le linn a thréimhse i gceannas rinneadh forbairt na hearnála cruthaithí Gaeilge a neartú, cuireadh go mór leis an bhfás ar an earnáil léiriúcháin neamhspleách sa Ghaeltacht agus tacaíodh le geilleagar cruthaitheach réigiúnach na hÉireann. Guím gach uile rath agus sonas ar Alan agus é ar scor.

D'fhógair Helen O'Rourke, Príomhfheidhmeannach Chumann Pheil na mBan, go raibh sí le dul ar scor tar éis blianta fada de cheannaireacht den scoth, tráth ar chuir sí go mór leis an bhforás ar Pheil na mBan. Le linn di a bheith i gceannas, sáraíodh spriocanna ollmhóra sa spórt ó thaobh an líon rannpháirtíochta, freastail agus an teacht a bhí ar chraoltaí na gluichí, lena n-áirítear buaiclón lucht féachana ag Cluichí Ceannais na hÉireann TG4 agus ardú leanúnach ar lucht féachana ar theilifís TG4 agus ar na hardáin dhigiteacha. Ba mhaithe linn gach sonas agus rath a ghuí ar Helen agus í ar scor.

Is mian liom buíochas a ghlacadh leis an bhfoireann dhíograiseach atá againn in TG4 as an méid a bhain siad amach in 2025 agus lenár gcomhpháirtithe léiriúcháin agus an pobal cruthaitheach Gaeilge a thacaíonn le TG4 i gcónaí. Is mar gheall ar a gcruthaitheacht, ar a ndúthracht agus ar a bhfís

go bhfuil TG4 bríomhar, ábhartha agus inrochtana don lucht féachana in Éirinn agus ar fud an domhain mhóir. Gabhaim buíochas freisin leis na heagraíochtaí eile a n-oibríonn TG4 leo, Coimisiún na Meán, Fís Éireann, Údarás na Gaeltachta, an Ciste Craoltóireachta Gaeilge i Scáileán Thuaisceart Éireann, RTÉ, Peil na mBan, an Cumann Lúthchleas Gael agus Oireachtas na Gaeilge ina measc. Táimid an-bhuíoch freisin do na comhlachtaí eile uile Gaeilge, ealaíon, cultúir agus spóirt lena n-oibrímid.

Ar deireadh, is mian liom buíochas ó chroí a ghlacadh le hAnna Ní Ghallachair, Cathaoirleach Bhord TG4, agus le Bord TG4 as a dtacaíocht agus a ndúthracht le linn na bliana. Is mian liom aitheantas a thabhairt, agus buíochas a ghlacadh, le Darach Ó Tuairisg, Siobhán Ní Ghadhra agus Mairéad Ní Nuadháin a chaith dhá thréimhse ar Bhord TG4. Glacaim buíochas le Seán Ó Domhnaill, ionadaí na foirne ar an mbord, ar tháinig a thréimhse ina chomhalta boird chun deiridh in 2025. Cuirim fáilte roimh Bernadette Bhreathnach, ionadaí nua na foirne ar Bhord TG4 agus táim ag tnúth le bheith ag obair léi sna blianta amach romhainn.

Tá muid muiníneach agus lán le dóchas agus pleananna agus muid ag féachaint chun cinn le ceiliúradh a dhéanamh ar thríocha bliain ó bunaíodh TG4 in 2026. Oibríonn craoltóirí mionteanga mar TG4 go minic le hacmhainní níos teoranta, ach ag an am céanna is cinnte go bhfuil tionchar ollmhór againn ó thaobh an méid a chuireann muid le léiriú cultúir, féiniúlacht agus beocht teanga. Bhí TG4 ina chraoltóir nuálach riamh anall, agus tá an eagraíocht ar tí tabhairt faoi chéim nua anois ina mbeidh tionchar ag ábhar d'ardchaighdeán spreagúil, léargais ón lucht féachana, nuálaíocht dhigiteach agus seachadadh ar thodhchaí TG4. Tá TG4 tiomanta i gcónaí a chinntiú go mbeidh an Ghaeilge le feiceáil, ábhartha agus infhaighte feadh na n-ardán meán nua-aimseartha ar fad.

Deirdre Ní Choistín
Deirdre Ní Choistín
Ard-Stiúrthóir TG4
23 Meitheamh 2026



Vikki Wall, An Mhí Piaras Ó Midheach

Figiúirí Féachana

5^ú

áit sna deich gcainéal craolta ó thaobh aimsiú lucht féachana.

44%

Aimsiú seachtainiúil do lucht féachana Gaeilge 15-35 bliana

67%

 *An Ghaeltacht*

Aimsiú seachtainiúil lucht féachana Gaeltachta

93m

Amharc ar na Meáin Shóisialta

74%

Meánaimsiú seachtainiúil — teaghlaigh a bhfuil leanaí faoi 12 bhliain acu do

8.11m

Amharc trasardáin

cúla 4

Pobal na Gaeilge

 An Ghaeltacht

86%

Sciar den phobal a aithníonn go bhfuil **TG4** tábhachtach mar sheirbhís a thugann tacaíocht agus ardán don chultúr agus do ealaín na Gaeilge.

92%

Sciar den lucht féachana Gaeilge a aithníonn go bhfuil **TG4** ag freastal ar phobal na Gaeltachta agus na Gaeilge.

89%

Sciar den phobal a aithníonn go bhfuil **TG4** tábhachtach mar sheirbhís a thugann tacaíocht agus ardán don Ghaeilge.

67%

Aimsiú seachtainiúil de lucht féachana Gaeltachta trasmeán

87%

Sciar den phobal a aontaíonn go bhfuil **TG4** riachtanach d'inhianaitheacht agus d'fhéiniúlacht phobal na Gaeltachta agus na Gaeilge

6.5m

Amharc ar  MOL SCÉAL
+58% ar 2024

83%

Sciar den mhaoiniú poiblí ar ábhar Gaeilge.

Infheistiú san Earnáil Chruthaitheach

€36.4m

Caiteachas ar an earnáil
léiriúcháin neamhspleách

91%

Sciar den earnáil a
aithníonn **TG4** mar
cheannródaí d'fhorbairt na
hearnála léiriúcháin

75%

Sciar den mhaoiniú poiblí
a caitheadh ar ábhar ón
earnáil neamhspleách
léiriúcháin.

95%

Sciar caite leis an earnáil
neamhspleách léirithe
a chruthaíonn maoin
intleachtúil.

€35.3m

Caiteachtas ar earnáil
na cruthaitheachta sna
réigiúin.

Oideachas

55%

Sciar de mhúinteoirí
bunscoile a bhaineann
úsáid rialta as ábhar **TG4**
sa seomra ranga

580k

Foghlaim **TG4**

Amharc ar shuíomh -
acmhainn foghlama atá
dírthe ar an gcuraclam do
bhunscoileanna agus iarbhunscoileanna.



€ 510,564

Infheistíocht in ábhar oideachais in 2025

Tionchar Eacnamaíoch

TG4 in 2025

€92.8m

An méid a chur **TG4**
leis an aschur náisiúnta

1,460 Post Coibhéise Lánaímseartha



€74.2m

TG4 an méid a cuireadh
leis an aschur réigiúnach

1,240 Post Coibhéise Lánaímseartha

Bord Theilifís na Gaeilge agus Faisnéis Eile



Anna Ní Ghallachair
(An Cathaoirleach)



Deirdre Ní Choistín
(Ard-Stiúrthóir)



Mairéad Ní Nuadháin



Siobhán Ní Ghadhra



Darach Ó Tuairisg



Bernadette
Bhreathnach



Róisín Ní Ráighne



Aedín O'Leary



Seán Ó Cuirreáin



Sonia Nic Giolla Easbuig



Éamonn Ó hArgáin



Muireann Ní Chíobháin

Bord Theilifís na Gaeilge agus Faisnéis Eile

Bunaíodh Bord Theilifís na Gaeilge i mí Aibreáin 2007 faoi fhoráil an Ahta Craolacháin, 2001. Tá an bord comhdhéanta de chathaoirleach agus 11 bhall, an tArd-Stiúrthóir san áireamh i gcáil ex-officio chomh maith le ball atá ionadaíoch ar an bhfoireann. An tAire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt a dhéanann na ceapacháin.

Tháinig an Bord le chéile 7 n-uaire i rith an 12 mhí go dtí an 31 Nollaig 2025.

Comhaltaí Boird agus an tArd-Stiúrthóir an 31 Nollaig 2025 (bhí 3 folúntas an mBord an 31.12.2025)

Anna Ní Ghallachair
(Cathaoirleach)
Deirdre Ní Choistín
(Ard-Stiúrthóir)
Bernadette Bhreathnach
Róisín Ní Ráighne
Aedín O'Leary
Seán O Cuirreáin
Sonia Nic Giolla Easbuig
Éamonn Ó hArgáin
Muireann Ní Chíobháin

Rúnaí Cuideachta agus Oifig Chláraithe

Nóra-Máire Uí Mhocháin
TG4
Baile na hAbhann
Co. na Gaillimhe

Rúnaí an Bhoird

Lís Ní Dhálaigh

Fochoistí an Bhoird

Tá sé fhochoiste ag an mBord, mar seo a leanas:

An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca

(folúntas amháin ag 31.12.2025)
Seán Ó Cuirreáin
(Cathaoirleach)
Anna Ní Ghallachair
Aedín O'Leary
Éamonn Ó hArgáin

I rith an 12 mhí go dtí an 31 Nollaig 2025, tháinig an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca le chéile 4 huaire agus thuairiscigh siad don Bhord i ndiaidh na gcruinnithe sin. Tuairiscíonn an fheidhm Iniúchta Inmheánaigh go díreach don Choiste Iniúcháireachta agus Riosca. Tá comhairleoir seachtrach ar an gCoiste chomh maith.

An Coiste Luach Saothair

Anna Ní Ghallachair
(Cathaoirleach)
Sean Ó Cuirreáin
Éamonn Ó hArgáin
Tháinig an Coiste Luach Saothair le chéile 2 uair sa bhliain go dtí an 31 Nollaig 2025.

An Coiste Branda

(folúntas amháin ag 31.12.2025)
Róisín Ní Ráighne
(Cathaoirleach)
Muireann Ní Chíobháin
Tháinig an Coiste Branda le chéile 2 uair sa bhliain go dtí an 31 Nollaig 2025.

An Coiste Digiteach

(folúntas amháin ag 31.12.2025)
Sonia Nic Giolla Easpuig
Bernadette Bhreathnach
Tháinig an Coiste Digiteach le chéile uair amháin sa bhliain go dtí an 31 Nollaig 2025.

An Coiste Nuachta & Cúrsaí Reatha

Bhí Coiste Nuachta & Cúrsaí Reatha gníomhach ann in 2025 agus réachtáladh ocht gcruinniú. Díscaoileadh an Coiste seo an 27 Samhain 2025. Ba iad comhaltaí an

choiste seo: Mairéad Ní Nuadháin (Cathaoirleach), Seán Ó Cuirreáin agus Seán Ó Domhnaill.

An Coiste um Cheadú Chonarthaí na gClár

Seacht gcomhalta Boird atá ar an gCoiste seo. Is iad baill an choiste seo:

Anna Ní Ghallachair
(Cathaoirleach),
Róisín Ní Ráighne,
Aedín O'Leary,
Seán O Cuirreáin,
Muireann Ní Chíobháin,
Éamonn Ó hArgáin agus
Bernadette Bhreathnach.
Bhí cúig chruinniú ag an gCoiste sa bhliain go dtí 31 Nollaig 2025.

Iniúcháir

An tArd-Reachtaire
Cuntas agus Ciste,
Oifig an Ard-Reachtaire
Cuntas agus Ciste,
3A Sráid an Mhéara
Duga Spencer,
Baile Átha Cliath 1

Baincéirí

AIB
Caisleán an Loingsigh
Sráid na Siopaí
Gaillimh

Ráiteas faoi Chúrsaí Rialachais & Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

Cúrsaí Rialachais

Cuireadh Bord TG4 ar bun faoin Acht Craolacháin 2001. Leagtar feidhmeanna an Bhoird amach in alt 87 den Acht Craolacháin 2009. Tugann an Bord cuntas don Aire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt. Táthar freagrach as an dea-rialachas a chinntiú agus déantar sin trí aidhmeanna agus spriocanna straitéise a leagan síos agus cinntí straitéise maidir leis na príomhcheisteanna gnó ar fad a dhéanamh. Is ar an Ard-Stiúrthóir agus ar an meitheal shinsearach bainistíochta a leagtar an fhreagracht as an ngnáthbhainistíocht ó lá go lá agus as TG4 a rialú agus a stiúradh. Ní mór don Ard-Stiúrthóir agus don meitheal shinsearach bainistíochta an stiúir straitéise ghinearálta arna leagan amach ag an mBord a leanúint agus a chinntiú go mbíonn tuiscint léir ghlán ag gach comhalta den Bhord ar na bearta agus ar na cinntí príomhthábhachtacha ar fad a bhaineann leis an eintiteas agus ar ábhar suntasach baail a d'fhéadfadh a theacht chun cinn. Feidhmíonn an tArd-Stiúrthóir mar cheangal díreach caidrimh idir an Bord agus lucht bainistíochta TG4. Tá comhaontú formhaoirseachta bliantúil i bhfeidhm idir Teilifís na Gaeilge agus an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt.

Freagrachtaí an Bhoird

Leagtar obair agus freagracht an Bhoird amach i dtéarmaí tagartha an Bhoird ina luaitear chomh maith na nithe sin ar leis an mBord amháin cinneadh a dhéanamh ina leith. Ar na réimsí oibre a bhíonn ar chlár oibre an Bhoird lena meas go rialta, áirítear:

- dearbhuíthe maidir le leis,
- tuairiscí ó na coistí,
- tuarascálacha airgeadais/ cuntais bhainistíochta,
- tuairiscí ar chúrsaí feidhmíochta, agus
- nithe forchoimeáda.

Tá ceangailte ar Bhord TG4 faoi Alt 109 den Acht Craolacháin 2009 cuntas cuí cothrom a choinneáil, i bhfoirm a aontaíonn an tAire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt, ar an airgead ar fad a

fhaightear agus a chaitear.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, éilítear ar Bhord TG4:

- polasaithe cuntasíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta comhleanúnach
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta & críonna a dhéanamh
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin sa chás nach mbeadh sé ciallmhar a cheapadh go leanfadh an Bord ag feidhmiú
- a lua cibé an ndearnadh caighdeán chuntasaíochta infheidhme a leanúint, faoi réir ag aon athrú ábhartha óna dhéanamh sin

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choimeád ónar léir, go réasúnta cruinn ag aon tráth ar bith, staid airgeadais an ghnóthais agus lenar féidir a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais mar atá dlite faoi alt 109 den Acht Craolacháin 2009. Is ar an mBord a leagtar an fhreagracht maidir le heolas corparáide agus faisnéis airgeadais a chur ar fáil ar láithreán gréasáin TG4 agus maidir le hiomláine an ábhair sin.

Tá an Bord freagrach as an bplean bliantúil agus as an mbuiséad bliantúil a aontú. Rinneadh athbhreithniú maidir le feidhmíocht TG4 i gcomórtas leis an

bplean bliantúil agus leis an mbuiséad an 2 Márta 2026.

Tá an Bord freagrach freisin as na sócmhainní a choimirciú agus dá réir sin as bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois nó mírialtacht eile a sheachaint agus a thabhairt chun aire.

Is é tuairim an Bhoird go bhfuil léargas cruinn cothrom i ráitis airgeadais TG4 ar an bhfeidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais TG4 amhail an 31 Nollaig 2025.

Struchtúr an Bhoird

Cathaoirleach, an tArd-Stiúrthóir (mar chomhalta de bhrí oifige) agus 10 gnáthchomhalta atá ar an mBord, iad ar fad arna gceapadh ag an Aire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt. Rinneadh gach ceapachán nua chuig an mBord a cheapadh ar feadh tréimhse ceithre bliana. Tagann an Bord le chéile ar bhonn rialta.

Amhail an 31 Nollaig 2025, bhí 7 gcomhaltaí mná (78%) agus 2 chomhalta fir (22%) ar an mBord agus bhí trí fholúntas ann. De bharr na n-athruithe a deineadh ar an mBord i rith na bliana, chomh maith leis na 3 fholúntas a bhí ann ag deireadh na bliana, ní chomhlíonann an Bord an sprioc atá leagtha amach ag an Rialtas go mbeadh ar a laghad 40% de gach inscne ar Bhallraíocht na mBord Stáit Tá an tAire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt ar an eolas faoi seo.

Leagtar amach sa tábla thíos míneolas faoi thréimhsí ceapacháin na gcomhaltaí reatha:

Comhalta Boird	Ról	Dáta arna Cheapadh
Deirdre Ní Choistín (An tArd-Stiúrthóir)	Ard-Stiúrthóir	14/04/2025
Anna Ní Ghallachair (Cathaoirleach)	Cathaoirleach	29/11/2022
Róisín Ní Ráighne	Gnáthchomhalta	29/11/2022
Aedín O'Leary	Gnáthchomhalta	29/11/2022
Seán Ó Cuirreáin	Gnáthchomhalta	29/11/2022
Sonia Nic Giolla Easbuig	Gnáthchomhalta	07/02/2023
Muireann Ní Chiobháin	Gnáthchomhalta	20/03/2024
Éamonn Ó hArgáin	Gnáthchomhalta	20/03/2024
Bernadette Bhreathnach	Gnáthchomhalta	10/06/2025
Mairéad Ní Nuadháin	Gnáthchomhalta	Dáta Scoir 28/11/2025
Siobhán Ní Ghadhra	Gnáthchomhalta	Dáta Scoir 28/11/2025
Darach ó Tuairisg	Gnáthchomhalta	Dáta Scoir 28/11/2025

Rinne an Bord Athbhreithniú agus Measúnóireacht ar Éifeachtúlacht an Bhoird i mí Dheireadh Fómhair 2025.

Tá sé choiste curtha ar bun ag an mBord mar seo a leanas:

1. An Coiste Iníúcháireachta agus Riosca:

Cúigear comhaltaí Boird atá ina gcomhaltaí den choiste seo chomh maith le comhairleoir seachtrach don Choiste. Is é ról an Choiste Iníúcháireachta agus Riosca cúnamh a thabhairt i ndáil leis na cúraimí a leagtar ar an mBord maidir le hábhar riosca, cúrsaí rialála agus rialachais agus dearbhú ina leith sin. Tá an Coiste neamhspleách ar lucht bainistíochta airgeadais na heagraíochta. Déanann an Coiste, go háirithe, a chinntiú go mbíonn monatóireacht á déanamh go gníomhach agus go neamhspleách ar na córais rialála inmheánacha, na bearta iníúcháireachta san áireamh. Tugann an Coiste tuairisc don Bhord ar gach cruinniú de chuid an Choiste chomh maith le tuarascáil bhliantúil a chur faoi bhráid i scríbhinn.

Is iad comhaltaí an Choiste Iníúcháireachta agus Riosca: Seán Ó Cuirreáin (Cathaoirleach), Anna Ní Ghallachair, Aedín O'Leary agus Éamonn Ó hArgáin agus tá folúntas amháin ann ag deireadh na bliana. Is í Róise Ní Bhaoill comhairleoir seachtrach an Choiste. Tionóladh 4 cruinniú den

Choiste i rith na bliana 2025.

2. An Coiste Luach Saothair: Triúr comhaltaí Boird atá ina gcomhaltaí den choiste seo. Seo a leanas comhaltaí an choiste: Anna Ní Ghallachair (Cathaoirleach), Seán Ó Cuirreáin agus Éamonn Ó hArgáin. Bhí dhá chruinniú den choiste Luach Saothair ann in 2025.

3. An Coiste Branda: Triúr comhaltaí Boird atá ina gcomhaltaí den choiste seo le folúntas amháin ar an gCoiste ag deireadh na bliana. Seo a leanas comhaltaí an choiste: Róisín Ní Ráighne (Cathaoirleach) agus Muireann Ní Chíobháin. Tionóladh 2 chruinniú den Choiste i rith na bliana 2025.

4. An Coiste Digiteach: Triúr comhaltaí Boird atá ina gcomhaltaí den choiste seo le folúntas amháin ar an gCoiste ag deireadh na bliana. Seo a leanas comhaltaí an choiste: Sonia Ní Giolla Easbuig agus Bernadette Bhreathnach. Tionóladh cruinniú amháin den Choiste i rith na bliana 2025.

5. An Coiste Nuachta & Cúrsaí Reatha: Bhí Coiste Nuachta & Cúrsaí Reatha gníomhach ann in 2025 agus reáchtáladh ocht gcruinniú. Díscaoileadh an Coiste seo an 27 Samhain 2025. Ba iad comhaltaí

an choiste seo: Mairéad Ní Nuadháin (Cathaoirleach), Seán Ó Cuirreáin agus Seán Ó Domhnaill.

6. An Coiste um Cheadú Chonarthaí na gClár: Seacht gcomhalta Boird atá ar an gCoiste seo. Is iad baill an choiste seo: Anna Ní Ghallachair (Cathaoirleach), Róisín Ní Ráighne, Aedín O'Leary, Seán Ó Cuirreáin, Muireann Ní Chíobháin, Éamonn Ó hArgáin agus Bernadette Bhreathnach. Bhí cúig chruinniú ag an gCoiste sa bhliain go dtí 31 Nollaig 2025.

Na Príomhathruithe Pearsanra

I mí Bealtaine 2025, chríochnaigh Seán Ó Domhnaill a théarma cúig bliana mar chomhalta Boird. I mí an Mheithimh 2025, ceapadh Bernadette Bhreathnach ina áit. Tháinig deireadh le tionacht triúr comhaltaí Boird i mí na Samhna 2025 – Mairéad Ní Nuadháin, Siobhán Ní Ghadhra agus Darach Ó Tuairisg, agus tá trí fholúntas ar an mBord ag deireadh na bliana.

Tháinig deireadh le téarma Alan Esslemont ina Ard-Stiúthóir an 13 Aibreán 2025. Ceapadh Deirdre Ní Choistín ina hArd-Stiúthóir an 14 Aibreán 2025

Níor tháinig aon athrú eile ar an mbainistíocht shinsearach in 2025.

Sceideal maidir le cúrsaí Tinrimh, Táillí agus Costais

Leagtar amach sceideal thíos maidir le cúrsaí tinrimh ag cruinnithe an Bhoird agus Choistí an Bhoird i rith na bliana 2025 chomh maith leis na táillí agus na costais a fuair gach comhalta.

	An Bord	An Coiste Iníúcháireachta agus Riosca	An Coiste Luach Saothair	An Coiste Branda	An Coiste Digiteach	An Coiste Nuacht & Cúrsaí Reatha	An Coiste um Cheadú Chonarthaí na gClár	Táillí 2025	Costais 2025
Líon na gCruinnithe	7	4	2	2	1	8	5	€	€
Deirdre Ní Choistín (Ceaptha 14/04/2025)	6							-	-
Alan Esslemont (Dáta Scoir 13/04/2025)	1							-	-
Anna Ní Ghallachair (Cathaoirleach)	7	4	2				5	21,600	5,739
Róisín Ní Ráighne	7			2			5	12,600	1,709
Aedín O'Leary	7	4					5	12,600	701
Seán O Cuirreáin	7	4	2			8	5	12,600	-
Sonia Ní Giolla Easbuig	7				1			12,600	4,069
Muireann Ní Chíobháin	6			2			4	12,600	1,763
Éamonn Ó hArgáin	7	4	2				5	12,600	6,340
Bernadette Bhreathnach (Ceaptha 10/06/2025)	4				1		3	6,978	-
Seán Ó Domhnaill (Dáta Scoir 07/05/2025)	2					8	2	4,507	-
Mairéad Ní Nuadháin (Dáta Scoir 28/11/2025)	6	4				8		11,631	3,908
Siobhán Ní Ghadhra (Dáta Scoir 28/11/2025)	6			2				11,631	-
Darach Ó Tuairisg (Dáta Scoir 28/11/2025)	6				1			11,631	252
Costais ilearraí								-	10,331
Lís Ní Dhálaigh (Rúnaí an Bhoird)								-	-
								143,578	34,812

Baineann na costais seo le freastal ar chruinnithe Bord, fochoistí agus cruinnithe agus imeachtaí eile ina ról mar Chomhaltaí ar Bhord TG4. Baineann na costais ilearraí le hioncriste a deineadh le comhairleoir seachtrach an CIR, suimeanna a íocadh le comhairleoirí rialachais an Bhoird, costais chruinnithe i ndáil le cruinnithe boird agus araile.

Nochtadh atá dlite faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú go gcloíonn TG4 lena n-éilítear faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (“an Cód”), arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Éilítear nochtadh mar seo a leanas a dhéanamh faoin gCód sin:

Sochair Ghearrthéarmacha d’Fhostaithe

Tá sochair gearrthéarmacha d’fostaithe leagtha amach i nóta 4 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

Costas Comhairleoireachta:

Áirítear le costas comhairleoireachta an costas a ghabhann le comhairle sheachtrach ar an lucht bainistíochta agus ní thugtar feidhmeanna ghnáthdhéanamh an ghnó san áireamh.

	2025	2024
	€	€
Comhairle dlí	17,601	12,939
Comhairle airgeadais	68,692	99,250
Gnóthaí margaíochta	186,304	144,856
Acmhainní Daonna/Pinsin	59,434	19,521
Forbairt gnó	57,284	51,932
Eile	67,203	13,794
Iomlán an chostais comhairleoireachta	456,518	342,292
Costas comhairleoireachta arna chaipitliú	-	-
Costas comhairleoireachta a luaitear de mhúirear ar an gCuntas loncaim agus Caiteachais agus na Cúlchistí loncaim Coinnithe	456,518	342,292
Iomlán	456,518	342,292

Caiteachas ar Thaisteal agus ar Chothabháil:

Déantar an caiteachas ar thaisteal agus ar chothabháil a rangú mar seo a leanas:

	2025	2024
	€	€
In Éirinn		
- An Bord	19,745	28,941
- An Fhoireann	113,999	121,687
Thar Lear		
- An Bord	4,735	1,221
- An Fhoireann	135,123	105,847
Iomlán	273,602	257,696

Caiteachas Fáilteachais:

Luaitear caiteachas fáilteachais mar seo a leanas sa Chuntas loncaim agus Caiteachais:

	2025	2024
	€	€
Fáilteachas foirne	20,580	13,041
Fáilteachas cliaint	4,145	5,734
Iomlán	24,725	18,775

Ráiteas faoi chúrsaí Comhlíontais

Chomhlíon TG4 na coinníollacha uile maidir leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016.

Tá TG4 ag cloí leis na gnéithe ábhartha den Chód Caiteachais Phoiblí.



Anna Ní Ghallachair
Cathaoirleach
Bord TG4

23 Meitheamh 2026

Athbhreithniú Airgeadais 2025

Athbhreithnithe Ioncaim agus Caiteachais

Déantar athbhreithniú sa tuarascáil seo ar fheidhmíocht ioncaim agus caiteachais TG4 in 2025 i dtéarmaí a príomhfhoinsí agus úsáid ioncaim, príomhspreagthóirí costais an chainéil, agus a fócas foriomlán ar éifeachtúlacht agus ar luach ar airgead. Déantar comparáid freisin san athbhreithniú idir feidhmíocht TG4 in 2025 agus in 2024 faoi na ceithre cheannteideal seo a leanas:

1. Ioncam
2. Caiteachas Oibriúcháin
3. Rialú Costas agus Éifeachtúlacht sa bhliain 2025
4. Caiteachas ar Ábhar Gaeilge sa bhliain 2025

1. Ioncam

Mar is léir ó Thábla 1 thíos, ba é €66.96m an t-ioncam iomlán (maoiniú státchiste agus ioncam tráchtála) in 2025 (€67.47m in 2024). I gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, laghdaigh ioncam iomlán TG4 0.7%, ach is fiú a thabhairt faoi deara go n-áirítear maoiniú forlíontach €4.5m i bhfigiúirí 2024 agus nach n-áirítear ach maoiniú forlíontach €1.09m i bhfigiúirí 2025. Gan maoiniú forlíontach a áireamh, mhéadaigh ioncam iomlán TG4 4.6% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

B'ionann maoiniú an Stáitchiste (lena n-áirítear deontas €100k de chuid NDNA) agus €61.19m (2024: €61.63m) (lena n-áirítear maoiniú forlíontach €1.09m in 2025 agus maoiniú forlíontach €4.5m in 2024), agus b'ionann seo agus 91.4% (2024: 91.4%) d'ioncam iomlán TG4, agus b'ionann sciar an ioncaim tráchtála agus 8.6% in 2025 ag €5.8m (2024: €5.8m). Tugtar le fios freisin gur thug TG4 €1.76m de mhaoiniú stáit ar aghaidh ó 2024 go dtí 2025 – níl sé seo san áireamh sna figiúirí i dTábla 1.

D'fhan ioncam tráchtála gan athrú in 2025. Is toradh láidir é seo i margadh fógraíochta agus fógraíochta teilifíse an-íomáioch in Éirinn.

Tábla 1: Ioncam TG4 2025

Cur Síos	2025		2024	
	€000	%	€000	%
Deontas i gCabhair (Reatha)	54,850	81.9%	53,933	79.9%
Deontas i gCabhair (Caipitil)	6,240	9.3%	7,600	11.3%
Maoiniú NDNA	100	0.2%	100	0.2%
Tráchtáil (fógraíocht agus urraíocht)	4,150	6.2%	4,189	6.2%
Tráchtáil eile	1,624	2.4%	1,644	2.4%
Teacht Isteach Iomlán	66,964	100%	67,466	100%

Tábla 3: Caiteachas ar Ábhar Gaeilge

Cur Síos	2025		2024	
	€000	%	€000	%
Maoiniú Reatha Stáitchiste (fuarthas in 2025) ₁	59,090	100%	57,775	100%
Cláir Ghaeilge a ceannaíodh ₂ :				
Coimisiúnaithe	40,995	69%	38,421	67%
Faighte/dubáilte/fotheidealaithe	4,615	8%	5,004	9%
Costais na foirne léiriúcháin (tuarastail san áireamh)	3,972	7%	3,801	7%
Costais Iomlána Léiriúcháin an Ábhair Gaeilge	49,582	84%	47,226	82%

₁ áirítear leis seo €4.24m de mhaoiniú caipitil a úsáideadh do chlár (€5.89m sa bhliain 2024). (san áireamh anseo tá €1.09m (€2.74m in 2024) maoiniú caipitil forlíontach le húsáid do chlár).
₂ is é seo an caiteachas iarbhrí a tabhaíodh ar na costais seo in 2025.

2. Caiteachas Oibriúcháin

I dtéarmaí an chaiteachais oibriúcháin bhliantúil, leag TG4 béim leanúnach ar shamhail oibriúcháin atá chomh héifeachtúil agus is féidir agus ar bhainistíocht costas chun luach ar airgead a chinntiú i ngach gníomhaíocht. B'ionann an caiteachas oibriúcháin iomlán agus €62.92m in 2025, laghdú 1.9% ar an €64.12m a caitheadh in 2024. Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil athruithe déanta ar an gcaiteachas cláir i dTábla 2 bunaithe ar chostais a bhaineann le Cláir Cheannacháin a chaipitliú de réir pholasaí TG4 atá mionsonraithe sna ráitis airgeadais. Ba é €47.8m an fíorchaiteachas ar chlár in 2025 i gcomparáid le fíorchaiteachas €45.6m ar chlár in 2024. Féach Tábla 2 thíos.

Tábla 2: Caiteachas Oibriúcháin TG4 2025

Cur síos	€'000		% Athrú 2025 vs 2024
	2025	2024	
Costas na nDíolachán	1,240	1,290	-3.9%
Costais Foirne	9,095	8,678	4.8%
Caiteachas Clár	44,312	46,207	-4.1%
Caiteachas Eile (Forchostais, Tarchur & costais Mhargáíochta san áireamh)	8,274	7,946	4.1%
Caiteachas Oibriúcháin Iomlán	62,921	64,121	-1.9%

3. Rialú Costas agus Éifeachtúlacht

Lean TG4 ag feidhmiú go héifeachtúil éifeachtach ó thaobh costas de agus go stuama in 2025. Baineadh coigilteas amach i réimse leathan ionaid costas agus baineadh tuilleadh leasa as acmhainní inmheánacha chun ábhar a chur ar fáil ar rátaí i bhfad níos éifeachtaí ó thaobh costas de.

4. Caiteachas ar Ábhar Gaeilge 2025

Mar a léirítear ina gealltanais don bhliain, bhí TG4 tiomanta 80% ar a laghad dá mhaoiniú reatha Stáitchiste a chaitheamh ar ábhar Gaeilge a léiriú. Mar a léirítear i dTábla 3 thíos, 84% den mhaoiniú Stáitchiste ab ea an caiteachas iarbhrí (ní áirítear leis seo an €1.76m de mhaoiniú stáit a tugadh chun cinn ó 2024 go 2025). Caitheadh an 16% eile den mhaoiniú Stáitchiste in 2025 ar tharchur, craoladh agus cur chun cinn an sceidil agus ar fhorchostais ghinearálta.



Ráitis Airgeadais

Clár

Ráiteas ar Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird	61
Ráiteas um Rialú Inmheánach	62
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena tÍolacadh do Thithe an Oireachtais	64
Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe	66
Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais	67
Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid	68
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	69



Ráiteas ar Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2025

Leis an Acht Craolacháin 2009, ceanglaítear ar an mBord ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais, ar ráitis iad ina dtugtar léargas fíor cothrom ar staid ghnóthaí Theilifís na Gaeilge agus ar a hioncam agus ar a caiteachas don bhliain lena mbaineann.

Le linn na ráitis sin a ullmhú, ceanglaítear ar an mBord:

- Beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhréireach ina dhiaidh sin
- Breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus críonna a dhéanamh
- Nochtadh a dhéanamh, agus míniú a thabhairt, i leith aon uaire nach ndéantar de réir na gcaighdeán cuntasaíochta is infheidhme, agus
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh mura rud é nach oiriúnach glacadh leis go leanfaidh Teilifís na Gaeilge de bheith ar marthain

Tá an Bord freagrach as taifid chuí chuntasaíochta a choimeád ina nochtar go réasúnta cruinn, aon tráth áirithe, staid airgeadais Theilifís na Gaeilge agus trína gcumasaítear don Bhord a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais forálacha an Achta agus na Prionsabail Chuntasaíochta a nGlactar leo i gcoitinne Éirinn.

Ina theannta sin, tá an Bord freagrach as sócmhainní Theilifís na Gaeilge a choimirciú agus as bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Coimeádtar leabhair chuntais an Bhoird in Oifigí Theilifís na Gaeilge, Baile na hAbhann, Co. na Gaillimhe.

Thar ceann Bhord Theilifís na Gaeilge:



Anna Ní Ghallachair
Cathaoirleach

23 Meitheamh 2026

Ráiteas um Rialú Inmheánach

Scóp Freagrachtaí

Adhmaim, thar ceann TG4, freagracht an Bhoird as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtúil maidir leis an rialú inmheánach ar bun agus á chur i bhfeidhm. Tagann san áireamh leis an bhfreagracht sin gach a n-éilítear faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).

An Chuspóir atá leis an gCóras Rialála Inmheánach

Tá leagtha amach go ndéanfaí bainistíocht i ndáil le hábhar baoil leis an gcóras rialála inmheánach a d'fhágfadh an baol ar leibhéal inseasta seachas a bheith in ann a chur ar neamhní ar fad. Is deimhniú réasúnach dá bhrí sin, seachas deimhniú iomlán, is féidir a thabhairt leis an gcóras go ndéantar na sócmhainní a chaomhnú, go ndéantar na hidirbhearta a údarú agus tuairisc chuí a choimeád orthu agus go ndéantar aon earráid nó mírialtacht ábhartha a chosc nó a thabhairt chun aire go tráthúil.

Bhí an córas rialála inmheánach, a thagann leis an treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, ar bun ag TG4 i rith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2025 agus anall go dtí an dáta ar aontaíodh na ráitis airgeadais.

Ábaltacht Riosca a láimhseáil

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ag TG4 ar a bhfuil cúigear de chomhaltaí an Bhoird, agus comhairleoir seachtrach den Choiste, a bhfuil saineolas acu ar chúrsaí airgeadais agus iniúchóireachta. Tá duine den chúigear ina Chathaoirleach. Bhí ceithre cinn de chruinnithe ag an gCoiste sin i rith na bliana 2025.

Tá feidhm maidir le hiniúchóireacht inmheánach curtha ar bun freisin ag TG4 agus acmhainní leordhóthanacha á gcur ina leith ionas go ndéantar clár oibre a aontaítear leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca.

Tá polasaí maidir leis an mbainistíocht ar ábhar baoil curtha le chéile ag an gCoiste ina leagtar amach an oiread baoil a bhfuiltear sásta dul ann, na próisis bainistíochta maidir le réimsí baoil atá curtha ar bun agus mioneolas faoin ról atá ag baill éagsúla foirne maidir le hábhar baoil agus an fhreagracht atá orthu ina leith. Cuireadh an polasaí sin ar fáil don uile dhuine den fhoireann a n-éilítear orthu oibriú de réir pholasaithe bainistíochta TG4 i ndáil le hábhar baoil d'fhonn an lucht bainistíochta a chur ar an airdeall faoi réimsí baoil a bheadh ag teacht chun cinn agus faoi aon easnamh maidir le bearta rialála agus ionas go nglacfaidís cúram maidir leis an ábhar baoil agus na bearta rialála a bhaineann lena réimse oibre féin.

Creatlach Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca i bhfeidhm ag TG4 lena dtugtar chun aire na príomhréimsí baoil ionas go dtugtar tuairisc orthu sin agus ar na bearta bainistíochta atá á ndéanamh chun teacht rompu agus, a oiread agus is féidir, an baol a mhaolú.

Tá clár réimsí baoil curtha ar bun ar a sonraítear na príomhréimsí baoil atá roimh TG4 agus déantar iad a shonrú, a mheas agus a rangú de réir a thromchúisí atá siad. Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca breithniú agus leasú bliantúil ar an gclár. Baintear úsáid as toradh na measúnóireachta sin ar mhaithe le planáil agus chun acmhainní a leithroinnt sa chaoi is go gcinntítear bainistíocht á déanamh i ndáil le réimsí baoil ionas go bhfágтар an baol ar leibhéal inghlactha.

Tugtar mioneolas sa chlár réimsí baoil ar na bearta rialála agus na gníomhartha eile is gá chun ábhar baoil a mhaolú agus luaitear an dualgas maidir leis na bearta rialála a dhéanamh le daoine sonracha den lucht foirne. Deimhním go bhfuil córas rialála ar bun ar gnéithe dá chuid iad seo a leanas:

- tá tuairisc i scríbhinn ar an nós imeachta maidir le gach ceann de na príomhphróisis gnó,
- tá cúraimí sonracha, agus an fhreagracht dá réir, maidir le cúrsaí airgeadais curtha i leith dhaoine faoi leith ar leibhéal na bainistíochta,
- tá córas cuí buiséid ar bun lena mbaineann buiséad bliantúil a choinníonn daoine sinsearach den lucht bainistíochta faoi athbhreithniú,
- tá córais ar bun a bhfuil d'aidhm leo iontaofacht na gcóras maidir le teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide a chinntiú,
- tá córais ar bun chun na sócmhainní a chaomhnú

Monatóireacht agus Athbheithniú Leanúnach

Tá nós imeachta foirmeálta curtha ar bun maidir le monatóireacht a dhéanamh ar na próisis rialála agus cuirtear aon easnamh maidir le cúrsaí rialála in iúl don té atá freagrach as beart bisigh ina leith agus go luath-thráthúil don lucht bainistíochta agus don Bhord, nuair is cuí sin. Deimhnímh go bhfuil na córais monatóireachta leanúnacha seo a leanas ar bun:

- tá na príomhréimsí baoil agus na bearta rialála ina leith sin tugtha chun suntais agus próisis curtha ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na mbearta rialála sin agus tuairisc a thabhairt ar aon easnamh a thugtar chun aire,
- tá socruithe tuairiscíochta curtha ar bun ar gach leibhéal ar a leagtar cúram maidir le bainistíocht airgeadais, agus
- déanann daoine sinsearach den lucht bainistíochta athbheithniú go tráthrialta chomh maith le hathbheithniú ceann bliana ar thuairiscí feidhmíochta agus ar thuairiscí airgeadais maidir le toradh na beartaíochta i gcomortas le buiséid/réamh-mheastacháin.

Soláthar

Deimhnímh go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag TG4 chun a chinntiú go gcomhlíontar na rialacha agus na treoirlínte soláthair reatha agus deimhnímh gur chomhlíon TG4 na nósanna imeachta sin le linn na bliana 2025. Tá TG4 tosaithe ag coinneáil clár neamhchomhlíontachta / neamhiomaíochta ón 01.01.2025. Tabhaíodh caiteachas €153,856 le linn na bliana 2025 i ndáil le dhá chonradh le haghaidh earraí agus seirbhísí i gcás nár chomhlíon na nósanna imeachta a úsáideadh treoirlínte soláthair.

- Cuireadh seirbhís arbh fhiú €137,550 í amach ar tairiscint sa bhliain 2024, ach bhí moill ar an gconradh a thabhairt chun críche, a d'fhág gur tabhaíodh na costais sin ar feadh tréimhse in 2025 tráth a raibh an conradh don tseirbhís

sin imithe in éag. Bhí an tseirbhís a cuireadh ar fáil riachtanach chun a chinntiú go leanfadh TG4 ag tarchur. Síníodh an conradh nua i mí an Mheithimh 2025.

- Tar éis próiseas tairisceana eile, tugadh faoi deara go raibh trealamh breise arbh fhiú €16,306 é ag teastáil, trealamh nach raibh san áireamh i raon na tairisceana bunaidh.

Athbheithniú ar an Éifeachtúlacht

Deimhnímh go bhfuil nós imeachta ar bun ag TG4 chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht an nós imeachta maidir le bainistíocht agus rialáil i ndáil le hábhar baoil. Tagann monatóireacht agus breithneoireacht TG4 ar éifeachtúlacht an chórais maidir leis an rialáil airgeadais inmheánach faoi anáil obair na n-íniúcháirí inmheánacha agus na n-íniúcháirí seachtracha, faoi scáth an Choiste Iníúcháireachta & Riosca agus ábhar baoil a dhéanann maoirseacht ar an obair sin, agus faoi choimirce dhaoine sinsearach den lucht bainistíochta taobh istigh de TG4 atá freagrach as an gcreatchóras maidir leis an rialáil airgeadais inmheánach a thabhairt chun cinn agus a choinneáil sa siúl.

Deimhnímh go ndearna an Bord athbheithniú bliantúil maidir leis an éifeachtúlacht a ghabh leis na bearta rialála inmheánacha i ndáil leis an mbliain 2025 an 28 Samhain 2025.

Bearta Rialála Inmheánacha

Níor tugadh aon easnamh maidir leis na bearta rialála inmheánacha chun suntais i ndáil leis an mbliain 2025 a mbeadh nochtadh ina leith sna ráitis airgeadais de dhíth.

Tá TG4 i dteagmháil le hOifig na gCoimisinéirí Loncaim faoi láthair maidir le ceist chánach, agus ní fios toradh na ceiste sin ag an tráth seo. Mar chuid de seo, íocadh suim iomlán €97,517 (lena n-áirítear ús €23,837) leis na Coimisinéirí Loncaim i mí Iúil 2025 i ndáil le dliteanais CBL mheasta do na blianta 2020, 2021 agus 2023



Anna Ní Ghallachair
Cathaoirleach
Bord TG4

23 Meitheamh 2026



Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Teilifís na Gaeilge

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais Theilifís na Gaeilge don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2025 mar a éilítear faoi fhorálacha alt 109 den Acht Craolacháin 2009. Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta de

- ráiteas maidir le hioncam agus caiteachas agus cúlchistí ioncaim coinnithe
- ráiteas maidir leis an staid airgeadais
- ráiteas maidir le sreabhadh airgid, agus
- na nótaí gaolmhara lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais Theilifís na Gaeilge amhail an 31 Nollaig 2025 agus ar a hioncam agus ar a caiteachas don bhliain 2025 de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (CTA) 102 *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann*.

An bonn atá leis an tuairim

Rinne mé iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta d'Ard-Institiúidí Iniúcháireachta. Déantar cur síos san aguisín atá leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm de réir na gcaighdeán sin. Táim neamhspleách ar Theilifís na Gaeilge agus tá mo fhreagrachtaí eiteiciúla eile comhlíonta agam de réir *Chód Eitice na hEagraíochta Idirnáisiúnta d'Ard-Institiúidí Iniúcháireachta*.

Measaim go bhfuil an fhianaise iniúcháireachta atá aimsithe agam leordhóthanach agus ábhartha chun bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuairisc ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar nithe eile

Tá faisnéis ar leith eile curtha i láthair ag Theilifís na Gaeilge in éineacht leis na ráitis airgeadais. Tá an fhaisnéis sin comhdhéanta den tuarascáil bhliantúil, san aireamh an ráiteas faoi chúrsaí rialachais agus tuarascáil chomhaltaí an Bhoird, agus an ráiteas um rialú inmheánach. Tá cur síos san aguisín atá leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm tuairisciú i leith faisnéis den chineál sin agus ar ábhair ar leith eile lena dtuairiscím trí eisceacht.

Níl aon ní le tuairisciú agam i leith sin.

Seamus Mac Cárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

26 Meitheamh 2026

Aguisín don tuarascáil

Freagrachtaí chomhaltaí an Bhoird

Mar atá leagtar amach sa ráiteas faoi chursai rialachas agus tuarascáil comhaltaí an Bhoird na freagrachtaí atá ar chomhaltaí an Bhoird. Tá an Bord freagrach as

- na ráitis airgeadais bliantúil a ullmhú ar an mbealach a fhorordaítear faoi alt 109 den Acht Craolacháin 2009
- a chinntiú go dtugann na ráitis léargas fíor agus cothrom de réir CTA 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- a mheas cibé an bhfuil úsáid as an mbonn cuntasafóchta gnóthas leantach oiriúnach, agus
- rialú inmheánach a chinneann siad atá riachtanach d'fhonn ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé mar thoradh ar chalaos nó earráid.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Éilítear orm faoi alt 109 den Acht Craolacháin 2009 ráitis airgeadais Theilifís na Gaeilge a iniúchadh agus tuairisc a thabhairt orthu chuig Tithe an Oireachtais.

An cuspóir atá agam le linn an iniúchta ná teacht ar dhearbhu réasúnach cibé an bhfuil na ráitis airgeadais tríd is tríd saor ó aon mhíráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaos nó earráid. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe ach ní hionann é is barántas go dtiocfar i gcónaí, le linn iniúchadh a dtugtar faoi de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht, ar mhíráitis ábhartha nuair is ann dóibh. D'fhéadfadh míráitis eascairt ó chalaos nó ó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha má tá ionchas réasúnach ann go n-imreoidh siad, astu féin nó le chéile, tionchar ar chinntí eacnamaíochta úsáideoirí a dhéantar bunaithe ar na ráitis airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh a sheoltar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchadh, cleachtaim breithiúnas gairmiúil agus sceipteachas gairmiúil i gcaitheamh an iniúchta. Is mé á dhéanamh sin,

- aithním na rioscaí atá ann i leith míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais cibé mar thoradh ar chalaos nó earráid agus déanaim measúnú orthu; leagaim amach nósanna imeachta iniúchta mar fhreagra ar na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus tagaim ar fhianaise iniúchta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bonn a chur faoi mo thuairim. Tá an riosca a bhaineann le gan míráiteas ábhartha ó chalaos a bhrath níos airde ná ó earráid mar go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaóis.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchta a leagan amach atá ábhartha sna cúinsí atá i gceist, ach ní chun críocha tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar ábharthacht na mbeartas cuntasafóchta agus a réasúnach is atá meastacháin chuntasafóchta agus nochtuithe bainteacha.

- Socraím chomh oiriúnach is atá sé úsáid a bhaint as an mbonn cuntasafóchta gnóthas leantach agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúcháireachta a dtagaim air, cibé an bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann maidir le himeachtaí nó coinníollacha a chaithfeadh amhras suntasach ar chumas Theilifís na Gaeilge leanúint mar ghnóthas leantach. Má shocraím go bhfuil mhíchinnnteacht ábhartha ann, éilítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuithe bainteacha sna ráitis airgeadais nó, má tá nochtuithe den chineál sin neamhleordhóthanach, mo thuairim a leasú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúcháireachta a dtángthas uirthi go dtí dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh imeachtaí amach anseo stop a chur ar Theilifís na Gaeilge leanúint mar ghnóthas leantach.
- Déanaim measúnú ar an gcur i láthair, struchtúr agus ábhar na ráiteas airgeadais tríd is tríd lena n-áirítear na nochtuithe agus cibé an léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus na himeachtaí bunúsacha ar bhealach a thugann léiriú cóir.

Chomh maith le nithe eile, cuirim scóip agus am an iniúchta in iúl dóibhsean atá freagrach as rialachas chomh maith le torthaí suntasacha iniúchta lena n-áirítear aon easnaimh mhóra sa chóras rialaithe inmheánaigh a aithním le linn m'iniúchta.

Tuairiscím trí eisceacht, más é mo thuairim,

- nach bhfaighim an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- cibé an raibh na taifid chuntasafóchta leordhóthanach chun iniúchadh ceart a dhéanamh ar na ráitis airgeadais nó
- mura bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasafóchta.

Faisnéis eile seachas na ráitis airgeadais

Ní chuimsíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a cuireadh i láthair in éineacht leis na ráitis sin agus ní thugaim aon dearbhú ar aon bhealach ina leith.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi na Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchadh an t-eolas eile a chuirtear i láthair a léamh agus lena linn sin a bhreithniú cibé an bhfuil an fhaisnéis eile ag teacht go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a fuarthas le linn an iniúchta nó más léir go bhfuil míráiteas ábhartha i gceist. Má shocraím, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míráiteas ábhartha i gceist sa bhfaisnéis eile seo, éilítear orm tuairisciú ina leith sin.

Tuairisc ar nithe eile

Tugadh faoin iniúchadh de réir breithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistiú agus a bhfeidhmiú. Tuairiscím má fhaighim go bhfuil nithe ábhartha eile ann a bhaineann leis an tslí a ndearnadh gnó poiblí.

Lorgaim fianaise faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má thug m'iniúchadh aird ar aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe, nó sa chás nach mbíonn na hidirbhearta ag cloí leis na húdaráis a dhéanann rialú orthu.

Teilifís na Gaeilge

Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2025

		2025	2024
	Nótaí	€'000	€'000
Díolacháin			
Ioncam tráchtála	3	5,774	5,834
Costas díolacháin	3	(1,240)	(1,290)
Glandíolacháin		4,534	4,544
Caiteachas			
Costais foirne	4	9,095	8,678
Speansais agus táillí chomhaltaí an Bhoird	5	179	192
Caiteachas clár	6	44,312	46,207
Costais tarchuir		2,543	2,017
Margaíocht agus taighde	7	2,705	2,903
Forchostais	8	3,026	3,026
Dímheas	9	2,170	2,297
Caiteachas iomlán		64,030	65,320
Glancaiteachas oibriúcháin don bhliain		(59,496)	(60,776)
Barrachas/(easnamh) ar dhiúscairt sócmhainní seasta		1	2
		(59,495)	(60,774)
Cistíocht stáit	13	59,546	61,245
Barrachas/(easnamh) ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas		51	471
Cánachas	14	(44)	(52)
Barrachas/(easnamh) coinnithe don bhliain airgeadais		7	419

Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais iad na nótaí ó 1 – 31

Ní raibh aon bhrabús ná caillteanas sa bhliain seachas mar a tuairiscíodh sa I&C.

Thar ceann Bhord Theilifís na Gaeilge:



Anna Ní Ghallachair
Cathaoirleach



Deirdre Ní Choistín
Ard-Stiúrthóir

23 Meitheamh 2026

Teilifís na Gaeilge

Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2025

		2025		2024	
	Nótaí	€'000	€'000	€'000	€'000
Sócmhainní Seasta					
Sócmhainní seasta inláimhsithe	9		5,541		5,705
Sócmhainní seasta doláimhsithe	11		2,594		3,371
			8,135		9,076
Sócmhainní Reatha					
Infháltais	15	3,049		2,894	
Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh	16	161		2,118	
Réamhíocaíochtaí Cláir	17	13,414		9,142	
		16,624		14,154	
Dlíteanais Reatha					
Iníocaíochtaí	18	(3,197)		(3,319)	
Glansócmhainní Reatha			13,427		10,835
Glansócmhainní			21,562		19,911
Caipiteal agus Cúlchistí					
Deontais chaipitil	10		5,533		7,385
Deontais reatha iarchurtha	12		16,008		12,512
Cúlchistí ioncaim	19		21		14
			21,562		19,911

Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais iad na nótaí ó 1 – 31

Thar ceann Bhord Theilifís na Gaeilge:



Anna Ní Ghallachair
Cathaoirleach



Deirdre Ní Choistín
Ard-Stiúrthóir

23 Meitheamh 2026

Teilifís na Gaeilge

Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2025

		2025	2024
	Nótaí	€'000	€'000
Barrachas/(easnamh) roimh cháin i leith gnáthghníomhaíochtaí		51	471
Dímheas		2,170	2,297
(Barrachas)/ easnamh ar dhiúscairt sócmhainní seasta inláimhsithe		(1)	(2)
Amúchadh ar chostais clár		42,450	44,490
Amúchadh ar dheontais rialtais		(8,092)	(6,081)
Amúchadh ar dheontais leithroinnite do chostais clár		(42,450)	(44,490)
(Ardú) / Laghdú ar Infháiltais		(106)	221
(Ardú) / Laghdú ar Réamhíocaíochtaí Cláir		(4,272)	544
Ardú / (Laghdú) ar Iníocaíochtaí		(87)	(859)
Cánachas Íoctha		(126)	(17)
Airgead tirim ó oibriúcháin		(10,463)	(3,426)
Ús a íocadh		-	-
Glanairgead tirim a gineadh ó ghníomhaíochtaí		(10,463)	(3,426)
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta			
Sócmhainní Seasta Inláimhsithe a ceannaíodh	9	(2,012)	(2,102)
Cláir a coimisiúnaíodh agus cláir a ceannaíodh	11	(41,673)	(43,904)
Cistí a fuarthas ar shócmhainní reatha a dhíol		6	2
Deontais caipitil Stáit	13	6,240	7,600
Deontais a fuarthas agus a leithroinneadh ar shócmhainní cláir		45,945	43,359
Glansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta		8,506	4,955
Glanardú/laghdú ar airgead tirim agus comhluch in airgead tirim	20	(1,957)	1,529

Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais iad na nótaí ó 1 – 31

Thar ceann Bhord Theilifís na Gaeilge:



Anna Ní Ghallachair
Cathaoirleach



Deirdre Ní Choistín
Ard-Stiúrthóir

23 Meitheamh 2026

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

1. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhréireach le linn déileáil le hítimí a mheastar a bheith ábhartha i dtaca leis na ráitis airgeadais.

(a) Bunú Theilifís na Gaeilge

Is é Teilifís na Gaeilge an craoltóir Gaeilge a bunaíodh faoi Reacht agus atá ag feidhmiú anois faoin Acht Craolacháin 2009.

(b) Ráiteas Comhlíontachta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais Theilifís na Gaeilge don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2025 de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscíochta airgeadais atá infheidhme sa RA agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRC) agus arna bhfógairt ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann.

(c) Bunús an réamh-mheasa agus breithiúnais shuntasacha chuntasaíochta agus na príomhchúiseanna atá le neamhchinnteacht meastacháin

Ullmhaítear na ráitis airgeadais in euro, slánaithe go dtí an míle is gaire (€000), arb é airgeadra feidhmiúil Theilifís na Gaeilge é. D'fhonn na ráitis airgeadais a ullmhú ní mór don bhainistíocht breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana a dhéanamh a mbíonn tionchar acu ar na suimeanna a thuairiscítear i ndáil le sócmhainní agus dliteanais amhail dháta an Ráitis maidir leis an Staid Airgeadais agus ar na suimeanna a thuairiscítear i ndáil le hioncam agus le caiteachas i gcaitheamh na bliana. Is é nádúr na meastachán, áfach, go bhféadfadh na torthaí iarbhair a bheith éagsúil ó na meastacháin sin.

(d) Aithint Ioncam

Ioncam tráchtála

Is ionann ioncam tráchtála agus ioncam ó dhíolacháin ama craolta, ó urraíocht agus ó ghníomhaíochtaí foghabhálacha. Déantar díolacháin a thaispeántar glan ar CBL a aithint sa Ráiteas maidir le hioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncam Coinnithe nuair a chuirtear an tseirbhís ar fáil. Tagann díolacháin as idirbhearta babhtála chun cinn nuair a dhéantar seirbhísí ama craolta a mhalartú ar sheirbhísí neamhionanna agus nuair a mheastar go bhfuil substaint tráchtála san idirbheart. Tomhaistear idirbhearta den sórt seo ag luach cóir na seirbhísí a fhaightear, arna gcoigeartú de réir aon mhéideanna airgid agus coibhéisí airgid a aistrítear. Déantar coimisiún maidir leis na díolacháin sin a mhuirearú sa Ráiteas maidir le hioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncam Coinnithe de réir mar a thabhaítear é.

(e) Caiteachas

Cuimsíonn caiteachas, caiteachas oibriúcháin agus caiteachas caipitiúil. Cuimsíonn glanchaiteachas oibriúcháin caiteachas ar chláir agus caiteachais riaracháin, glan ar ioncam tráchtála. Déantar caiteachas ar chláir a mhuirearú sa Ráiteas maidir le hioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncam Coinnithe de réir mar a thabhaítear é.

(f) Deontais Stáit

I bhfoirm deontais a fhaightear ón Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt, agus deontais a fhaightear ó ham go chéile do thionscadail shonracha ó Choimisiún na Meán faoin gclár Fís agus Fuaim a dhéantar maoiniú ar ghlancaiteachas oibríochta Theilifís na Gaeilge. Aithnítear deontais faoin modh fabhráithe. Déantar an chuid den deontas a bhaineann le Sócmhainní Seasta Doláimhsithe – Clár Caipitilíthe agus Réamhíocaíochtaí Cláir a iarchur agus a aithint sa Ráiteas maidir le hioncam agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncam Coinnithe de réir mar a amúchtar na speansais. I bhfoirm deontais a fhaightear ón Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt agus deontais a fhaightear ó am go chéile do thionscadail shonracha ó Choimisiún na Meán faoin gclár Fís agus Fuaim a dhéantar maoiniú ar chaiteachas caipitil. Déantar amúchadh ar na deontais sin ar an mbonn céanna le dímheas a dhéanamh ar luach na sócmhainní bainteacha.

(g) Sócmhainní seasta inláimhsithe

Déantar sócmhainní seasta inláimhsithe a thaispeáint de réir costais lúide dímheas agus aon soláthar i leith lagaithe. Déantar dímheas a sholáthar ar gach sócmhainn seasta inláimhsithe, cé is moite de thalamh, de réir rátaí a ríomhtar chun costas bunaidh gach sócmhainne a dhíscríobh ar bhonn na líne dírlí thar a saolré ionchasach, lúide luach iarmharach measta, mar a leanas;

	%
Talamh agus Foirgnimh	2.5
Trealamh	20
Fearais agus Feistis	10
Gléasanna Móibíleacha	33

Déantar costais forbartha bogearraí, lena n-áirítear pá, costais bogearraí ar mhórchórais chun ábhar a scaipeadh, tairisí, aipeanna fóin agus araile a chaipitliú agus a dhímheas i gcomhréir leis an gcostas trealamh gaolmhar ón dáta a gcuirtear i bhfeidhm iad nó thar shaolré úsáideach ionchais na gcostas caipitilíthe. Bíonn na rátaí sin idir 33% agus 100%.

(h) Sócmhainní airgeadais—infheistíocht i Multiplex Broadcasting Services Northern Ireland Limited

Déanann Teilifís na Gaeilge cuntas i leith a infheistíochta in Multiplex Broadcasting Services Northern Ireland Limited a thabhairt de réir costais (féach nóta 24). Folaíonn Sócmhainní Seasta suim €1 i leith a hinfeistíochta i ngnáthscaireanna na cuideachta sin. Bunaíodh an cuideachta mar eagraíocht neamhbhrabúsmhar agus déanann RTÉ agus Roinn Cultúir, Meán agus Spóirt na Ríochta Aontaithe na costais ina leith a mhaoiniú. Mar thoradh air sin, ní thaispeánann ráitis airgeadais Theilifís na Gaeilge aon ioncam, aon chostais nó aon tiomántais i leith an chomhfhiontair sin.

(i) Cánachas

Déantar cáin chorparáide atá iníoctha a sholáthar ar bhrabúis inchánach de réir rátaí reatha. Tugtar aitheantas do cháin iarchurtha i leith na ndifríochtaí uainithe go léir atá tionscanta, gan bheith freaschurtha, ar dháta an Ráitis maidir leis an Staid Airgeadais i gcás ina bhfuil idirbhearta nó imeachtaí, atá ina gcúis le hoibleagáid chun tuilleadh cánach a íoc sa todhchaí nó ina gcúis le ceart chun níos lú cánach a íoc sa todhchaí, tar éis tarlú ar dháta an Ráitis maidir leis an Staid Airgeadais. Is difríochtaí sealadacha iad difríochtaí ama idir barrachas a ríomhtar chun críocha cánach agus barrachas a luaitear sna ráitis airgeadais ar barrachais iad a éiríonn toisc go ndéileáiltear le hítimí áirithe ioncam agus caiteachais sna ráitis airgeadais i mblianta éagsúla chun críocha cánach. Déantar cáin iarchurtha a thomhas de réir na rátaí cánach a mheastar ina leith go mbeidh siad i bhfeidhm sna blianta ina meastar go n-aisiompóidh na difríochtaí ama agus an méid sin bunaithe ar rátaí cánach agus ar dhlíthe a achtaíodh nó a achtaíodh go substainteach faoi dháta an Ráitis maidir leis an Staid Airgeadais. Ní lascaintear cáin iarchurtha.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

1. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (ar lean)

(j) Airgeadra coigríche

Déantar idirbhearta in airgeadraí coigríche a aistriú go Euro de réir na rátaí malairte atá i bhfeidhm ar lá na n-idirbheart. Déantar sócmhainní agus dliteanaí airgeadaíochta in airgeadraí coigríche a aistriú go Euro de réir an ráta malairte atá ann ar dháta an Ráitis maidir leis an Staid Airgeadais agus déantar aon gnóthachain nó aon chaillteanaí dá bharr sin a chur san áireamh sa Ráiteas maidir le hloncam agus Caiteachas agus Cúlchistí loncaim Coinnithe don bhliain.

(k) Pinsin

Feidhmíonn Teilifís na Gaeilge scéim ranníocaíochta sainithe dá cuid fostaithe. Coinnítear sócmhainní na scéime ar leithligh ó chuid an chomhlachta. Déantar ranníocaíochtaí bliantúla chuig an scéim sin a chur chun dochair sa Ráiteas maidir le hloncam agus Caiteachas sa bhliain lena mbaineann siad.

(l) Sócmhainní Seasta Doláimhsithe

Déantar na costais a bhaineann le Cláir Choimisiúnaithe agus na costais a bhaineann le Cláir Cheannaithe a chaipitliú mar shócmhainní seasta doláimhsithe sna ráitis airgeadais. Is éard atá i gceist le Cláir Choimisiúnaithe ná cláir atá coimisiúnaithe ag Teilifís na Gaeilge ó léiritheoirí neamhspleácha agus tá siad bunaithe ar phraghas iomlán an chonartha. Déantar costas an Chláir Coimisiúnaithe a amúchadh bunaithe ar an méid uaireanta eile ionchais a bhreathnóidh an lucht féachana ar gach tarchur mar seo a leanas:

Cláir Choimisiúnaithe Ardluacha:	70% sa bhliain ar craoltar ar dtús é
	20% sa bhliain i ndiaidh é a chraoladh ar dtús
	10% sa dara bliain i ndiaidh na bliana ar craoladh ar dtús é
Cláir choimisiúnaithe eile agus cláir spóirt atá beo:	100% sa bhliain ina bhfuil na cearta nó ina ndéantar na himeachtaí spóirt a chraoladh ar dtús.

Is éard is cláir cheannaithe ann ná cláir a cheannaigh Teilifís na Gaeilge ó stiúideónna agus ó chraoltóirí tríú páirtí. Déantar iad sin a chur chun dochair sa ráiteas maidir le hloncam agus Caiteachas bunaithe ar an méid uaireanta eile ionchais a bhreathnóidh an lucht féachana ar gach tarchur mar seo a leanas:

Cláir Faighte:	90% sa bhliain a chraoltar ar dtús é
	10% sa bhliain i ndiaidh é a chraoladh ar dtús

Ní dhéantar cláir Choimisiúnaithe & Ceannacháin a chaipitliú go dtí go mbeidh an clár ar fáil lena chraoladh. Tar éis tréimhse cúig bliana, déantar gach clár a chaipitliú mar shócmhainní seasta doláimhsithe, agus an t-amúchadh lena mbaineann, a dhiúscairt den chlár. Cé go mbíonn na cearta craoltóireachta fós ag TG4 do roinnt de na cláir sin, ní dócha go gcrálfar iad i ndiaidh na tréimhse sin, agus dá bhrí sin, ní bhíonn aon luach acu a thuilleadh do TG4.

(m) Réamhíocaíochtaí Cláir

Déantar aon suimeanna a íoctar sula mbeidh clár ar fáil lena chraoladh a aithint mar réamhíocaíochtaí.

(n) Breithiúnais shuntasacha chuntasaíochta agus na príomhchúiseanna atá le neamhchinnteacht meastachán

Lagú Sócmhainní Seasta Inláimhsithe: Déantar athbhreithniú i leith lagú ar shócmhainní atá faoi réir amúchta cibé uair a thugann imeachtaí nó athrú ar imthosca le fios go mb'fhéidir nach bhfuil an tsuim ghlanluacha in-aisghabhála. Aithnítear cailleanas i leith lagú mar an difear idir an tsuim ghlanluacha sa bhreis ar an tsuim inaisghabhála. Is í an tsuim inaisghabhála an luach cóir is airde ag sócmhainn lúide costas a díola agus a luach úsáide. Chun críocha lagú a mheas déantar acmhainní a ghrúpáil ag na leibhéil is ísle ina bhfuil sreabhadh airgid inaitheanta ar leith ann dóibh (aonaid giniúna airgid). Déantar athbhreithniú ar gach sócmhainn neamh-airgeadais ar bhain lagú di ar dháta na tuairiscithe féachaint an lagú a aisiompú.

Dámheas agus Luachanna Iarmharacha: Tá athbhreithniú déanta ag an mbainistíocht ar shaolré agus ar luachanna iarmharacha gach aicme sócmhainne seasta agus go háirithe saolré eacnamaíoch fhónta agus luachanna iarmharacha daingneán agus feistí agus cinneadh go bhfuil saolré sócmhainní agus luachanna iarmharacha iomchuí.

Neamhchosaint ar Airgeadra Coigríche: Téann Teilifís na Gaeilge i mbun socruithe conartha chun soláthróirí a íoc in airgeadra nach é airgeadra an euro é. Coinníonn Teilifís na Gaeilge cuntas ar na hidirbheartaíochtaí seo de ghnáth de réir na rátaí airgeadra infheidhme ar dháta na híocaíochta. Téitear i mbun réamhchonarthaí mar chosaint ar luaineachtaí airgeadra. Bíonn na cúiseanna a rachfar i mbun conarthaí dá leithéid bunaithe ar na meastacháin is fearr ar rátaí malairte amach anseo agus ar chomhairle ghairmiúil a fháil.

Sócmhainní Seasta Doláimhsithe: Mar atá leagtha amach i mbeartas L déanann Teilifís na Gaeilge costas an chláir coimisiúnaithe a amúchadh bunaithe ar an méid uaireanta eile ionchais a bhreathnóidh an lucht féachana ar an gclár. Tá meastacháin den sórt sin bunaithe ar na meastacháin is fearr ón mbainistíocht.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

2	Príomhghníomhaíocht		
	Is é príomhghníomhaíocht Theilifís na Gaeilge an cainéal teilifíse Gaeilge, TG4, a oibriú.		
3	Glandíolacháin	2025	2024
		€'000	€'000
	Ioncam Tráchtála		
	Díolachán ama craolta agus urraíochta	4,150	4,189
	Muirear amach saoráidí	493	488
	Ioncam ilghnéitheach	1,131	1,157
		5,774	5,834
	Costas Díolacháin		
	Coimisiún ar dhíolachán fógraíochta agus urraíochta	965	1,016
	Costais dhíreacha	275	274
		1,240	1,290
	Glandíolacháin	4,534	4,544

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

4	Costais Foirne		2025	2024
	Ba 132 duine an meán uimhir fostaithe a bhí fostaithe ag Teilifís na Gaeilge le linn na bliana (2024: 130). Bhí costais fostaithe le linn na bliana comhdhéanta de:		€'000	€'000
	Pá agus tuarastail		7,723	7,408
	Costais leasa shóisialaigh		886	841
	Costais phinsin		868	808
	Taisteal agus cothabháil		255	249
	Oiliúint		120	142
	Costais eile foirne		100	88
			9,952	9,536
	Costais foirne caipitlithe		(857)	(858)
	Iomlán na gcostas foirne		9,095	8,678
	Faoi chostais eile foirne, sonraítear íocaíocht €52,400 (2024: €52,000) don fhoireann ag eascairt as rialú an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais a aontaíodh sa bhlain 2012 agus atá á hóc gach bliain ó shin. Faoi Chiorclán 13/2014 arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, éilítear an líon fostaithe ar tháinig a sochar iomlán fostaíochta (gan costas pinsin fostóra san áireamh) don tréimhse tuairiscithe faoi gach banda €10,000, ó €60,000 ar aghaidh a nochtadh, chomh maith le figiúr foriomlán de na ranníocaíochtaí iomlána pinsin fostóra. Nochtann Teilifís na Gaeilge an t-eolas seo a leanas:			
		Banda Tuarastail ó	Banda Tuarastail go dtí	Líon Fostaithe
		€60k	€69k	25
		€70k	€79k	17
		€80k	€89k	8
		€90k	€99k	7
		€100k	€109k	2
		€110k	€119k	4
		€120k+		1
	De réir mar is gá faoin gcód cleachtais, caithfidh Teilifís na Gaeilge príomhchúiteamh bainistíochta do 2025 a nochtadh (gan an tArd-Stiúrthóir a áireamh)			
			2025	2024
			€'000	€'000
	Tuarastail & Pinsin		642	639
	Sochair Iarfhostaíochta		0	0
	Sochair Foirceanta		0	0
			2025	2024
	Luach Saothair an Ard-Stiúrthóra – Alan Esslemont (Dáta Scoir: 13/04/2025)		€'000	€'000
	Buntuarastal		44	140
	Ranníocaíochtaí pinsin an fhostóra		7	21
			51	161
			2025	2024
	Luach Saothair an Ard-Stiúrthóra – Deirdre Ní Choistín (Dáta Ceapacháin: 14/04/2025)		€'000	€'000
	Buntuarastal		100	-
	Ranníocaíochtaí pinsin an fhostóra		25	-
			125	-
	Bhí Alan Esslemont ina bhall de scéim ranníocaíochta sainithe Theilifís na Gaeilge agus thug Teilifís na Gaeilge méid comhionann le 15.29% de thuarastal an Ard-Stiúrthóra don scéim ar a shon. Tá Deirdre Ní Choistín ina ball de scéim ranníocaíochta sainithe Theilifís na Gaeilge agus tugann Teilifís na Gaeilge méid comhionann le 25% de thuarastal an Ard-Stiúrthóra don scéim ar a son.			

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS			
5	Costais an Bhoird	2025	2024
		€'000	€'000
	Táillí chomhaltaí an Bhoird (Nóta 22)	144	142
	Taisteal agus cothabháil agus speansais eile	35	50
		179	192
	Cúitítear costais chothabhála agus taistil le comhaltaí an bhoird.		
6	Costais clár	2025	2024
		€'000	€'000
	Cláir choimisiúnaithe cláraithe agus amúchta sa tréimhse	39,764	41,145
	Cláir cheannaithe cláraithe agus amúchta sa tréimhse	2,686	3,344
	Costais dubála agus costais eile	1,862	1,718
		44,312	46,207
7	Margaíocht agus Taighde	2025	2024
		€'000	€'000
	Fógraíocht agus margaíocht	2,368	2,641
	Tomhais agus taighde ar an lucht féachana	335	261
	Speansais chomhairle an lucht féachana	2	1
		2,705	2,903

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

8	Forchostais			2025	2024
				€'000	€'000
	Speansais áitrimh agus trealaimh			1,158	1,184
	Speansais ghairmiúla agus airgeadais			599	660
	Tobhach tionscail íoctha			721	648
	Speansais ghinearálta agus oifige			548	534
				3,026	3,026
9	Sócmhainní Seasta Inláimhsithe	Talamh agus Foirgnimh	Trealamh agus Gléasanna Móibíleacha	Fearais agus Feistis	Iomlán
		€'000	€'000	€'000	€'000
	Costas				
	An 1 Eanáir 2025	8,768	15,387	651	24,806
	Breisithe	134	1,865	13	2,012
	Diúscairt	0	(54)	0	(54)
	Amhail an 31 Nollaig 2025	8,902	17,198	664	26,764
	Dímheas Carntha				
	An 1 Eanáir 2025	5,093	13,672	336	19,101
	Muirear don bhliain	230	1,898	42	2,170
	Diúscairt	0	(48)	0	(48)
	Amhail an 31 Nollaig 2025	5,323	15,522	378	21,223
	Glanluach Leabhair				
	Amhail an 31 Nollaig 2025	3,579	1,676	286	5,541
	Amhail an 31 Nollaig 2024	3,675	1,715	315	5,705
10	Deontais Chaipitil			2025	2024
				€'000	€'000
	Deontais chaipitil - faighte agus infhaighte				
	Iarmhéid Tosaigh			55,999	48,399
	Deontais a fuarthas le linn na bliana (Nóta 13)			6,240	7,600
	Iarmhéid Deiridh			62,239	55,999
	Amúchadh				
	Iarmhéid Tosaigh			48,614	42,533
	Amúchta le linn na bliana			8,092	6,081
	Iarmhéid Deiridh			56,706	48,614
	Glanluach leabhair - deontais chaipitil			5,533	7,385

Léiríonn deontais chaipitil an maoiniú stáit a fuarthas i ndáil le caiteachas caipitil a thabhaigh Teilifís na Gaeilge. Amúchtar deontais chaipitil ar an mbonn céanna a ndéantar na sócmhainní gaolmhara a dhímheas.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

11	Sócmhainní Seasta Doláimhsithe	Cláir Choimisiúnaithe	Cláir Cheannaithe	Iomlán
		€'000	€'000	€'000
	Costas			
	An 1 Eanáir 2025	147,555	15,328	162,883
	Breisithe	39,007	2,666	41,673
	Diúscairt	(20,970)	(3,180)	(24,150)
	An 31 Nollaig 2025	165,592	14,814	180,406
	Amúchadh Carntha			
	An 1 Eanáir 2025	144,406	15,106	159,512
	Amúchta sa bhliain	39,764	2,686	42,450
	Diúscairt	(20,970)	(3,180)	(24,150)
	An 31 Nollaig 2025	163,200	14,612	177,812
12	Glanluach leabhair			
	An 31 Nollaig 2025	2,392	202	2,594
	An 31 Nollaig 2024	3,149	222	3,371
	Deontais Reatha larchurtha		2025	2024
			€'000	€'000
	Deontais larchurtha amhail an 1 Eanáir		12,512	13,373
	Deontais reatha- faighte sa bhliain (Nóta 13)		54,950	54,303
	Deontais a úsáideadh sa bhliain		(51,454)	(55,164)
	Deontais larchurtha amhail an 31 Nollaig		16,008	12,512

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

13	Maoiniú Stáit		
	Is ionann deontais ón Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spórt agus maoiniú Rialtais a fhaightear i leith caiteachas reatha a thabhaíonn Teilifís na Gaeilge.		
	Maoiniú stáit curtha chun sochair an Chuntais loncaim & Caiteachais sa bhliain	2025	2024
		€'000	€'000
	Deontas a úsáideadh sa bhliain (Nóta 12)	51,454	55,164
	Deontas caipitil amúchta (Nóta 10)	8,092	6,081
		59,546	61,245
	€61.19m an leithroinnt iomlán don bhliain 2025 agus bhí sin comhdhéanta de:	2025	2024
		€'000	€'000
14	Deontais a fuarthas ón RCCS i ndáil le caiteachas reatha (Vóta 33)	54,850	53,933
	Deontais a fuarthas i ndáil le caiteachas reatha i dtreo costas margaióchta i dTuaisceart Éireann (NDNA)	100	100
	Deontais a fuarthas i ndáil le caiteachas reatha i dtreo "Cruinniú na nÓg 2024"	-	270
	Deontais a ndearnadh iarratas orthu chun críocha caipitil ón RCCS (Vóta 33)	6,240	7,600
	Iomlán a Fuarthas	61,190	61,903
	Cáin ar Bharrachas ó Ghnáthghníomhaíochtaí	2025	2024
		€'000	€'000
(a)	Anailís ar mhúirear cánach sa bhliain		
	Múirear cánach corparáide don bhliain	27	52
	Múirear cánach corparáide don bhliain roimhe sin	17	-
		44	52
(b)	Fachtóirí a mbíonn tionchar acu ar mhúirear cánach na bliana		
	Tá an ráta éifeachtach cánach don bhliain níos airde ná ráta caighdeánach cánach corparáideach na hÉireann de 12.5%. Tá na difríochtaí mínithe thíos:		
		2025	2024
		€'000	€'000
	Barrachas/(Easnamh) ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas	51	471
	Barrachas/(Easnamh) ar ghnáthghníomhaíochtaí arna n-íolrú faoi ráta caighdeánach cánach corparáide 12.5% na hÉireann (2024: 12.5%)	7	59
	Tionchair maidir le:		
	Ioncaim inchánach ag ráta cánach níos airde	11	10
	Barrachas dímhéasa thar dheontais chaipitil amúchta	2	-
	Leithroinnt chaillteannais na bliana reatha/Caillteannais tugtha chun cinn	-	(13)
	Caiteachais nach gceadaítear ó thaobh cánach	7	(4)
		27	52

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

15	Infháltais	2025	2024
		€'000	€'000
	Infháltais	2,220	2,156
	CBL inaisíoctha	53	184
	Cáin Chorparáide inaisíoctha	49	-
	Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe	727	554
		3,049	2,894
Meastar go bhfuil gach iarmhéid inaisghábhála laistigh de bhliain amháin			
16	Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh	2025	2024
		€'000	€'000
	Banc	161	2,118
		161	2,118
San áireamh sa chuntas bainc tá €134,750 atá coinnithe ar iontaobhas ó Fís Éireann			
17	Réamhíocaíochtaí Cláir	2025	2024
		€'000	€'000
	Cláir Choimisiúnaithe	12,191	8,264
	Cláir a ceannaíodh	1,223	878
		13,414	9,142
18	Iníocaíochtaí - dlíte laistigh de bhliain amháin	2025	2024
		€'000	€'000
	Suimeanna Iníoctha Trádála	1,257	997
	Fabhruithe agus ioncam iarchurtha	1,940	2,287
	Cáin chorparáide iníoctha	-	35
		3,197	3,319
19	Cúlchistí	Cúlchiste loncaim	Iomlán
		€'000	€'000
	Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2025	14	14
	Easnamh don Bhliain	7	7
	Iarmhéid deiridh amhail an 31 Nollaig 2025	21	21

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

20	Anailís ar Athruithe i nGlanchistí	Iarmhéid Tosaigh	Sreabhadh Airgid	Iarmhéid Deiridh
		€'000	€'000	€'000
	Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh	-	-	-
	Taiscí gearrthéarmacha	2,118	(1,957)	161
		2,118	(1,957)	161
21	Pinsean			
	D'fheidhmigh Teilifís na Gaeilge scéim ranníocaíochta sainithe dá cuid fostaithe.			
	Maoinítear an scéim agus coinnítear sócmhainní ar leithligh ó shócmhainní Theilifís na Gaeilge.			
		2025	2024	
		€'000	€'000	
	Tabhaíodh na costais phinsin seo a leanas le linn na bliana:			
	Scéim ranníocaíochta sainithe	868	808	
		868	808	

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

22 Na Stiúrthóirí agus an Rúnaí agus a Leasanna

Tugtar thíos na Stiúrthóirí agus Rúnaí a d'fhóin i rith na bliana:

		Táillí 2025 €'000	Táillí 2024 €'000
Stiúrthóir/Rúnaí	Dáta a ceapadh le linn na bliana (más ann)		
Deirdre Ní Choistín (An tArd-Stiúrthóir)	14/04/2025	-	-
Alan Esslemont (An tArd-Stiúrthóir - Dáta Scoir 13/04/2025)		-	-
Anna Ní Ghallachair (An Cathaoirleach)		21.6	21.6
Mairéad Ní Nuadháin (Dáta Scoir 28/11/2025)		11.6	12.6
Siobhán Ní Ghadhra (Dáta Scoir 28/11/2025)		11.6	12.6
Darach Ó Tuairisg (Dáta Scoir 28/11/2025)		11.6	12.6
Séan Ó Domhnaill (Dáta Scoir 07/05/2025)		4.5	12.6
Róisín Ní Ráighne		12.6	12.6
Aedín O'Leary		12.6	12.6
Seán Ó Cuirreáin		12.6	12.6
Sonia Ní Giolla Easpuig		12.6	12.6
Muireann Ní Chiobháin		12.6	9.8
Éamonn Ó hArgáin		12.6	9.8
Bernadette Breathnach	10/06/2025	7.0	
Lís Ní Dhálaigh (Rúnaí an Bhoird)		-	-
		143.5	142.0

Costais €34,811 a bhain le comhaltaí an Bhoird in 2025, (2024: €50,222) le haghaidh: taisteal intíre €12,286 (2024: €18,257), cothabhála €12,194 (2024: €11,905) agus costais eile (rúnaíocht agus traenáil san áireamh) €10,331 (2024: €20,060). Faoi réir fhorálacha an Achta Craolacháin 2009, ghlac an Bord le nós imeachta maidir le nochtadh leasanna áirithe ag comhaltaí agus comhlíonadh an nós imeachta seo i rith na bliana.

23 Áitreabh

Faoidhmíonn Teilifís na Gaeilge as áitreabh atá lonnaithe i mBaile na hAbhann, Co. na Gaillimhe. Tá úinéireacht ag Teilifís na Gaeilge ar ruileas an áitrimh i mBaile na hAbhann.

24 Sócmhainní airgeadais

Is comhfhiontar neamhbhrabúis é Multiplex Broadcasting Services Northern Ireland Limited (MBSN) a bhunaigh Teilifís na Gaeilge agus RTÉ i nDeireadh Fómhair 2012. Bunaíodh an comhfiontar chun tarchur digiteach trastíre saor go haer i dTuaisceart Éireann a éascú maidir le Teilifís na Gaeilge, RTÉ1 agus RTÉ2. Trí gnáthscair atá i scairchaipiteal na cuideachta, péire faoi úinéireacht RTÉ agus ceann faoi úinéireacht Teilifís na Gaeilge. Rinne MBSN comhaontú le RTÉ agus Roinn Cultúir, Meán agus Spóirt na Ríochta Aontaithe (DCMS) inar aontaíodh go seasfaidh RTÉ (dhá thrian) agus DCMS (aon trian) de chostais tarchuir MBSN. Maoínítear costais eile ar nós costais réamh-chorpraithe agus costais leanúnacha riaracháin de réir an choibhnis chéanna le RTÉ agus DCMS.

25 Tiomantais maidir le Cláir/Ceartha a Cheannach

Tiomantais maidir le cláir/cearta a cheannach ag Teilifís na Gaeilge mar seo leanas:	2025 €'000	2024 €'000
Faoi chonrach ach ní raibh aon soláthar déanta ina leith ag deireadh na bliana.	40,043	39,078

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

26	Tiomantais		
	Tá tiomantais chaipitil ag Teilifís na Gaeilge mar seo a leanas:	2025	2024
		€'000	€'000
	Faoi chonrach ach ní raibh aon soláthar déanta ina leith ag deireadh na bliana.	125	25
27	Idirbheartaíocht RTÉ		
	Fuair Teilifís na Gaeilge 431 uair de chlár Gaeilge saor in aisce ó RTÉ sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2025, sin 66 uair an chloig níos mó ná an 365 uair an chloig a bhaineann leis an oibleagáid reachtúil.		
28	Dlíteanas Teagmhach		
	Tá TG4 i dteagmháil le hOifig na gCoimisinéirí Ioncaim faoi láthair maidir le ceist chánach, agus ní fios toradh na ceiste sin ag an tráth seo.		
29	Neamhchosaint Airgeadra Coigríche		
	Is as íocaíochtaí ar chlár a ceannaíodh go príomha a eascrann neamhchosaint airgeadra coigríche. Fálaíonn Teilifís na Gaeilge a neamhchosaint airgeadra coigríche trí réamh-chonarthaí don US Dollar a aontú nuair is cuí, dar leis. €0 (2024: €0) an luach iomlán a bhí orthu seo in 2025. Ní raibh aon chonradh airgeadra coigríche amuigh ag deireadh na bliana (2024: €0).		
30	Comhaltaí Boird – Nochtadh Idirbheart		
	I ngnáthchúrsaí gnó, rinne Teilifís na Gaeilge socrúithe conarthacha le gnóthais ina bhfuil Comhaltaí den Bhord fostaithe nó a bhfuil leas eile acu iontu.		
	Chuir Teilifís na Gaeilge modhanna imeachta i bhfeidhm de réir na dtreoirínte i gCód Cleachtias 2016 um Rialachas Comhlachtaí Stáit i leith nochtadh leasanna ag Comhaltaí den Bhord agus chloígh Teilifís na Gaeilge leis na modhanna sin i rith na bliana.		
	Ceadaíodh conarthaí luach de €7,326,571 in 2025 i dtaca le gnóthais a raibh baint ag comhaltaí Theilifís na Gaeilge leo nó a raibh leas acu iontu go díreach nó go hindíreach a nocht siad ag cruinnithe. I measc na ngnóthas a bhí i gceist, bhí gnóthais ina raibh comhaltaí de chuid Theilifís na Gaeilge fostaithe nó gnóthais a raibh comhaltaí ag cur seirbhísí ar fáil dóibh. Chloígh na Comhaltaí sin agus Teilifís na Gaeilge leis na treoirínte ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i leith cásanna leasa pearsanta. I gcásanna a bhféadfadh coinbhleacht leasa a bheith ann, ní bhfuair Comhaltaí den Bhord cáipéisíocht bhoird i dtaca leis na hidirbhearta beartaithe, agus níor ghlac na Comhaltaí sin páirt ná níor fhreastail siad ar aon phlé boird a bhain leis an ábhar.		
31	Ceadú na Ráiteas Airgeadais		
	Cheadaigh an Bord na Ráitis Airgeadais an 23 Meitheamh 2026		



Tuarascáil Bhliantúil 2025

